# Tuarascáil ar an Líonra Nua

## NOLLAIG 2023

BUS CONNECTS GAILLIMH

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Arna hullmhú ag Jarrett Walker & Associates agus SYSTRA thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair

# Clár na nÁbhar


**1 Achoimre Fheidhmeach .... 4**

Cad is BusConnects na Gaillimhe ann? .... 5
Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Líonra? .... 6
An Limistéar Staidéir .... 7
Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís. .... 8
Conas na Léarscáileanna den Líonra a Léamh .... 9
Léarscáil den Líonra Nua .... 10
Léarscáil den Líonra atá ann cheana (2022). .... 11
Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar .... 12
Minicíochtaí Feabhsaithe .... 13
Uaireanta Seirbhíse Níos Faide agus Bealach 24 Uair. .... 14
Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna .... 15
Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach. .... 17
Athrú ar Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine .... 18
Seirbhís Mhear Iontaofa le Nasc Traschathrach. .... 19
Athruithe ar Fhreagra ar Aiseolas. .... 21
Conas Foghlaim faoin Líonra Nua. .... 22
An Líonra Nua a Chur i bhFeidhm. .... 23

**2 Prionsabail Deartha Bealaí agus Gréasáin .... 24**

Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach? .... 25
Minicíocht .... 26
Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí .... 28
Naisc nó Castacht? .... 29

**3 Forléargas ar an Líonra Nua .... 31**

Conas na Léarscáileanna den Líonra a Léamh .... 32
Léarscáil den Líonra Nua .... 33
Patrúin Seirbhíse Nua i Lár na Cathrach .... 34
Athruithe i gCumhdach. .... 36
Minicíochtaí Níos Airde agus Bealach Nua 24 hUaire an Chloig .... 37
Tuairisc de réir an Bhealaigh .... 38

**4 Achoimre ar Aiseolas ón bPobal .... 39**

Forléargas ar an gComhairliúchán .... 40
Anailís ar an Aiseolas. .... 42
Téamaí Ginearálta ón Aiseolas. .... 47
Aiseolas de réir Bealaigh .... 52

**5 Comparáid idir an Líonra atá ann cheana agus an Dréachtlíonra Nua .... 72**

Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna .... 73
Rochtain Fheabhsaithe ó Láithreacha Samplacha .... 74
An Fhaiche Mhór .... 75
Ionad Siopadóireachta Gateway .... 76
Páirc an Chaisleáin .... 77
Bóthar na Trá. .... 78
Méaduithe sa Rochtain ar Fud na Cathrach .... 79
Athrú ar Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine .... 81
Athrú ar Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta ar an Satharn .... 82
Athrú ar Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta ar an Domhnach .... 83
Athrú ar Rochtain Fostaithe ar Laethanta le linn na Seachtaine. .... 84
Athrú ar Rochtain Fostaithe ar an Satharn .... 85

Athrú ar Rochtain Fostaithe ar an Domhnach . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 86
Gaireacht do Sheirbhís de Mhinicíochtaí Éagsúla . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 87
Léarscáil Clúdaigh ag an Líonra Nua . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 92
Léarscáil Clúdaigh ag an Líonra atá ann cheana (2022) . . . . . . . . . . . . . 93

**Aguisín A........................................................................ 94**

Minicíochtaí agus Raonta an Ghréasáin atá ann cheana (Téacs) . . . . . . 95
Minicíochtaí agus Raonta an Líonra Nua (Téacs). . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 97

# 1 Achoimre Fheidhmeach

# Cad is BusConnects na Gaillimhe ann?




Is é is BusConnects ann ná clár um infheistíocht iompair phoiblí i mór-lárionaid uirbeacha na hÉireann. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) é a fhorbairt agus a bhainistiú, agus maoiníonn Tionscadal Éireann 2040 é.

Tá a lán gnéithe ar áireamh in BusConnects:

- An líonra bus a athdhearadh
- Conairí bus agus lánaí rothar nua a thógáil
- Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme
- Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
- Córas Struchtúr táillí níos simplí
- Libhré nua bus
- Stadanna agus scáthláin nua bus
- Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
- Aistriú chuig flít nua busanna astaíochtaí nialasacha

Tá roinnt de na gnéithe sin ar bun cheana féin i nGaillimh. Tá conairí tosaíochta bus trí lár na cathrach agus feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath á bpleanáil. Cuireadh busanna nua buí glasa TFI in ionad go leor seanbhusanna, agus cuirtear busanna ceallra-leictreacha nua leis an bhflít.

Trí BusConnects na Gaillimhe a chur i gcrích, cabhrófar leis na straitéisí beartais:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023
- Nasc Traschathrach
- Busconnects na Bóthar Bhaile Átha Cliath
- Straitéis Iompair na Gaillimhe
- Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Straitéis Iompair agus Pleanála Chontae na Gaillimhe
- An Beartas maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Chomh maith leis sin, beidh athdhearadh an líonra bus seo agus an comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais leis an athrú chun dáta a dhéanfar ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, rud a thosóidh sa bhliain 2023.

# Cad atá i gCeist le hAthdhearadh an Líonra?

Tháinig forbairt mhall ar ghréasán bus na Gaillimhe de réir mar a tháinig fás ar an gcathair Sa bhliain 2016, sainaithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe feabhsuithe ar an ngréasán uirbeach bus a cuireadh chun feidhme go páirteach sna blianta ó shin i leith.

I bhfianaise fhás na Gaillimhe, agus i bhfianaise na n-iarrachtaí náisiúnta na hastaíochtaí carbóin ón iompar a laghdú, tá géarghá ann le seirbhísí bus i nGaillimh a athmheas agus le hathinfheistiú iontu.

Céim amháin sa phróiseas is ea athdhearadh an ghréasáin seo. Tá na comhlachtaí seo a leanas ag obair i gcomhar le chéile chun an gréasán a athdhearadh:

- An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae na Gaillimhe
- City Direct
- Bus Éireann

Is iad City Direct agus Bus Éireann oibritheoirí na seirbhísí uirbeacha bus i nGaillimh.

Tá an líonra á athcheapadh ó bhonn, in ionad é a choigeartú ón líonra atá ann cheana. Níor glacadh leis in aon chor gur gá na patrúin seirbhíse bus atá ann ó oidhreacht a choinneáil ar bhun ar mhaithe le traidisiún nó chun athruithe a sheachaint.

An méid sin ráite, luíonn go leor codanna de líonra bus na Gaillimhe le réasún sa lá atá inniu ann, agus coinníodh iad agus cuireadh leo sa Dréacht-Ghréasán Nua.

## An Próiseas Athdheartha

Is toradh í an tuarascáil seo ar rannpháirtíocht an phobail ar Dréachtlíonra Nua a cuireadh i láthair ag an ÚNI sa bhliain 2023. Gabhaimid buíoch le muintir na Gaillimhe agus bailte in aice láimhe as aiseolas agus léargais luachmhara a chur ar fáil faoin Dréachtlíonra.

Áirítear leis an tuarascáil seo:

- Príomhphrionsabail agus roghanna maidir leis an líonra bus a athdhearadh.
- Achoimre ar an gcomhairliúchán ar an Dréacht-Líonra Nua.
- Plean Deiridh an Líonra Nua.

Táthar ag súil go gcuirfear tús le hathruithe bealaigh a bheadh comhsheasmhach le plean deiridh an Líonra Nua sa bhliain 2025, faoi réir faofa riachtanaigh.

## Na Bealaí atá faoi Athbhreithniú

Dírítear san athdhearadh gréasáin seo ar Chathair na Gaillimhe, ar Bhearna agus ar Órán Mór. Áirítear leis sin na ceantair uirbeacha agus ceantair atá ag forbairt go gníomhach a bhfreastalaíonn na bealaigh reatha orthu:

| Bealach | Oibritheoir |
|---|---|
| 401 | Bus Éireann |
| 402 | Bus Éireann |
| 404 | Bus Éireann |
| 405 | Bus Éireann |
| 407 | Bus Éireann |
| 409 | Bus Éireann |
| 410 | City Direct |
| 411 | City Direct |
| 412 | City Direct |
| 414 | City Direct |
| 424[1] | Bus Éireann |

1 Cuid Bhearna agus na Gaillimhe de Bhealach 424 amháin.

# An Limistéar Staidéir

Leis an limistéar staidéir le haghaidh athdhearadh an líonra seo, cumhdaítear an líonra uirbeach bus a sholáthraíonn Bus Éireann agus City Direct é i gCathair na Gaillimhe, i mBearna agus in Órán Mór.

Ní áirítear leis an limistéar staidéir bailte atá lonnaithe níos faide anonn amhail Baile Chláir agus Maigh Cuilinn. Rinneadh seirbhísí bus sna bailte beaga sin agus i limistéir eile de Chontae na Gaillimhe a athbhreithniú mar chuid den Phlean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire a Nascadh', ar tionscnamh náisiúnta é a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar an iompar poiblí lasmuigh de chathracha móra agus de bhailte móra.

***Athróidh an Líonra Nua na bóithre a n-oibríonn busanna orthu, amanna agus laethanta seirbhíse, minicíochtaí, láithreacha stad agus an dóigh a gcómhalartaíonn daoine.***



# Níos Mó Infheistíochta sa tSeirbhís

## Seirbhís Bhreise

Ní mór don líonra bus atá ann a fhorbairt chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do spriocanna áitiúla agus náisiúnta maidir le fás, inbhuanaitheacht agus caighdeán na beatha. **Seasann an Líonra Nua do mhéadú beagnach 50% ar an méid seirbhíse bus a chuirtear ar fáil i nGaillimh.**

Cuireann Caibidil 3 tuilleadh sonraí ar fáil maidir le feabhsúcháin seirbhíse a bhí indéanta mar gheall ar an méadú seo, ar nós:

- Cuirfidh trí bhealach minicíochtaí 15 nóiméad nó níos fearr ar fáil, ón Luan go dtí an Satharn.
- Ar na deireadh seachtainí, cuirfidh go leor bealaí minicíochtaí feabhsaithe agus uaireanta níos faide ar fáil i gcomparáid le seirbhísí reatha.
- Beidh an tseirbhís ag oibriú níos déanaí sna tráthnónta, agus ag minicíochtaí níos fearr, ar go leor bealaí.
- Beidh seirbhís 24 uair á chur ar fáil ag bealach amháin ar fud thaobhanna thoir agus thiar na cathrach.
- Clúdóidh bealaí eile limistéir sa chathair, áit nach bhfuil seirbhís ar bith ann faoi láthair.

## Pátrúnacht vs. Clúdach

Ceann de phríomhspriocanna an iompair phoiblí is ea ardphátrúnacht. Tríd is tríd, tagann ardphátrúnacht chun cinn nuair atá a lán daoine á nascadh ag seirbhís atá minic, mear agus líneach.

Ní hí **pátrúnacht an t-aon sprioc amháin atá ag an iompar poiblí, áfach**. Táthar ag súil le hiompar poiblí de shaghas éigin i ngach ceantar uirbeach, agus fiú sna háiteanna ina bhfuil an phátrúnacht íseal. Chun gach ceantar uirbeach a chlúdach, bheadh gá le busanna a roinnt i go leor bealaí éagsúla agus go leor ciliméadar. Bíonn minicíochtaí níos measa mar thoradh air seo.

Tá teannas idir an dá sprioc de phátrúnacht ard agus clúdach leathan. Dá mhéad seirbhíse a dhírítear ar bhealaí minice uile-lae, sna limistéir a bhfuil an chuid is mó de dhaoine ag cónaí agus ag obair iontu, is ea is lú an méid is féidir í a leathadh amach ar fud go leor bealaí agus ciliméadar chun gach limistéar a chumhdach.

Táthar ag súil go n-oibreoidh roinnt bealaí sa Líonra Nua go héifeachtach agus go meallfaidh siad pátrúnacht ard. Comhlíonann bealaí eile cuspóir clúdaigh, arb é atá ann ceantar ar dóigh go mbeidh an phátrúnacht íseal iontu, ach a mbeidh an tseirbhís tábhachtach iontu dá ainneoin sin.

### Cén fáth a gcuirfí seirbhís leis chun spriocanna pátrúnachta a bhaint amach?

- Chun an tseirbhís a dhéanamh níos úsáidí do níos mó daoine
- Chun tacú le dlúthfhorbairt insiúlta
- Chun feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna eile do líon ard daoine
- Chun daoine a spreagadh chun aistriú ón gcarr chuig an iompar poiblí
- Troid in aghaidh plódaithe tráchta agus fás eacnamaíoch a thacú
- Chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

### Cén fáth a gcuirfí seirbhís leis chun spriocanna cumhdaigh a bhaint amach?

- Chun cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, beag beann ar cén áit a gcónaíonn daoine
- Chun leithlisiú a chosc do dhaoine a gcónaíonn i limistéir a bhfuil daonra íseal acu
- Chun tairbhí an iompair phoiblí a sholáthar do gach duine

# Conas na Léarscáileanna den Líonra a Léamh



## Léiríonn na Dathanna an Mhinicíocht

Sna léarscáileanna ar an gcéad dá leathanach eile, is don mhinicíocht a sheasann na **dathanna bealaigh.** Tá na bealaí uile dathchódaithe de réir a minicíochta ar laethanta le linn na seachtaine ag meán lae.

- **Tugann línte dúdhearga** seirbhís an-mhinic le fios, áit a dtagann bus gach 10 nóiméad.
- **Léiríonn línte dearga** seirbhís mhinic, agus bus ag teacht gach 15 nóiméad nó níos minice.
- **Léiríonn línte corcra** bealaí ina dtagann bus gach 20 nóiméad.
- **Léiríonn línte dúghorma** bealaí ina dtagann bus gach 30 nóiméad.
- **Léiríonn línte bánghorma** bealaí ina dtagann bus gach 60 nóiméad.


## Uimhreacha Bealaigh Nua

Tugadh uimhreacha uathúla do gach ceann de na bealaí atá beartaithe, chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus bealaí atá ann cheana de chuid na Gaillimhe.

Más rud é, áfach, go bhfuil bealach atá beartaithe an-chosúil le bealach atá ann cheana, tugtar uimhir ghaolmhar dó. Mar shampla:

- Tá Bealach 1 beartaithe cosúil le Bealach 401 atá ann cheana.
- Tá Bealach 4 beartaithe cosúil le Bealach 404 atá ann cheana.
- Tá Bealach 9 atá beartaithe cosúil le Bealach 409 atá ann cheana.

Ní uimhreacha deiridh iad na huimhreacha atá beartaithe, agus is féidir go n-athrófar iad sula gcuirfear an Líonra Nua i bhfeidhm.




## Truncaí agus Craobhacha

Dhéanfaí roinnt bealaí sa Líonra Nua a scoilteadh, mar a léirítear ar na léarscáileanna leis an léaráid seo:

**Ní cómhalartuithe iad sin.** Tagann na busanna ar na "craobhacha" is lú minice le chéile chun "trunca" níos minice a chruthú.

Sa sampla ag an mbarr, tá Bealach 10 ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de Bhealaí 10A agus 10B i dtreo Órán Mór agus amach as. Tugann bealaí 10A agus 10B minicíocht 30 nóiméad agus, mar a bhfuil siad le chéile ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, tá siad sceidealaithe sa tslí is go dtiocfaidh ceachtar acu gach 15 nóiméad.

Tá sé sin amhlaidh freisin i gcás Bhealaí 9A agus 9B san iarthar, a thagann le chéile chun Bealach 9 a chruthú agus a leanann ar aghaidh go lár na cathrach agus go dtí an Pháirc Mhór.

## Éire a Nascadh

Ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile, marcáiltear leis an lipéad "CI" na bealaí lena nasctar Gaillimh leis an gCeathrú Rua, leis an gClochán, le Tuaim, le Caisleán an Bharraigh, le Clár Chlainne Mhuiris, le Baile Chláir, leis an gCreagán, le Baile Átha Luain agus le Luimneach.


Pleanálfar na bealaí "CI" sin i bpróiseas leithleach tríd an tionscnamh 'Éire a Nascadh'. Tabharfar aghaidh sa phróiseas sin ar na bailte a bhfreastalaíonn siad orthu, ar a minicíochtaí agus ar a n-uaireanta seirbhíse.

## Tuairiscí ar na Bealaí

Tugtar tuairiscí sráid ar shráid ar gach bealach atá beartaithe ar page 38.


Tugtar tuairiscí scríofa ar mhinicíochtaí agus uaireanta seirbhíse atá beartaithe ar page 97, agus taispeántar léiriú grafach ar mhinicíochtaí agus uaireanta seirbhíse ar page 14.

# Léarscáil den Líonra Nua




Chun breathnú níos géire ar an Líonra Nua, bain úsáid as na hacmhainní ag busconnects.ie/galway, go háirithe an léarscáil ar líne.

# Léarscáil den Líonra atá ann cheana (2022)



# Seirbhís chuig Níos Mó Limistéar



Cuirfidh an Líonra Nua seirbhís nua ar fáil i limistéir áirithe nach ndéantar freastal orthu inniu. Tá siad marcáilte le buí ar an léarscáil thíos, agus áirítear leo:

- Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach
- An chuid theas den Chuarbhóthar
- Ros Cam
- Bóthar an Chósta, idir Cathair na Gaillimhe agus Órán Mór
- Imeall theas Eastát Tionscail Pháirc na bhFia
- Bóthar an Stáisiúin in Órán Mór
- Cnoc Odhráin

Bainfidh an Líonra Nua seirbhís ar chúpla sráid freisin, atá marcáilte le bándearg ar an léarscáil thíos. Sna cásanna sin, beidh líon iomlán na ndaoine a ndéanfar difear dóibh beag, agus cuirfear seirbhís fheabhsaithe ar fáil laistigh de shiúlóid ghearr. Tá buntáiste ag baint leis an gcúpla deighleog beag seo a bhaint do líon mór daoine mar go ligeann sé do bhealaí bus a bheith níos rialta, níos líní agus níos dírí agus don líonra a bheith níos simplí.

Ar an iomlán, méadóidh sciar na gcónaitheoirí atá laistigh de 400 méadar ó stad bus (siúlóid thart ar chúig nóiméad) le seirbhís uile-lae ó 62% go 68%, le méadú comhchosúil ar



# Minicíochtaí Feabhsaithe


sciar na bpost gar do sheirbhís.

Chomh maith le clúdach níos mó, cuirfidh an Líonra Nua minicíochtaí níos fearr ar fáil gar do thuilleadh cónaitheoirí agus post.

Mar chomhlánú ar an léarscáil ar an leathanach roimhe seo, taispeántar sa léarscáil thíos na háiteanna a bhfuil seirbhís ann inniu, ach cuirfidh an Líonra Nua fanacht níos giorra don bhus ar fáil ná mar atá ag an líonra reatha.

- In ionad an dá bhealach a thugann ardmhinicíocht inniu (gach 15 nóiméad nó níos fearr), tabharfaidh **trí bhealach ardmhinicíocht** agus clúdóidh gach ceann acu go leor limistéar dlúth ar an dá thaobh den chathair.
- Mar thoradh air sin, beidh **34% de chónaitheoirí laistigh de 400m ó bhealach minic, i gcomparáid le 19% ar an líonra láithreach**.

Tá seirbhís bus ar fáil ar na bóithre atá aibhsithe i mbuí, ach beidh minicíocht níos airde sa Líonra Nua. (Tá an comparáid seo bunaithe ar mhinicíochtaí i rith laethanta i rith na seachtaine. Tá bóithre breise nach mbeidh athrú orthu ar mhinicíochtaí i rith na seachtaine, ach déanfar minicíochtaí sa tráthnóna, ar an Satharn agus ar an Domhnach a fheabhsú.)



# Uaireanta Seirbhíse Níos Faide agus Bealach 24 Uair

Déanfaidh an Líonra Nua na huaireanta seirbhíse níos faide ar go leor bealaí, agus feabhsóidh sé minicíochtaí san oíche nó ar na deireadh seachtainí:


- Ar an **Satharn**, **beidh 34% de chónaitheoirí in aice le bealach rialta,** i gcomparáid le **10% inniu**.
- Ar an **Domhnach**, **beidh 40% de chónaitheoirí in aice le bealach a thagann gach 20 nóiméad nó níos fearr**, i gcomparáid le **25% inniu**.

Chomh maith le minicíochtaí níos fearr, cuirfidh roinnt bealaí uaireanta seirbhíse níos faide ar fáil ar maidin agus san oíche. **Beidh gach bealach sa chathair ag oibriú go dtí 12:00 i.n.**, ón Luan go dtí an Satharn, agus beidh Bealach 424 Bearna ag oibriú go dtí 11:00r.n. Cuirfidh go leor bealaí **seirbhís maidine níos luaithe ar fáil ar an Satharn agus an Domhnach,** agus **minicíochtaí níos fearr sna tráthnónta**.

Áirítear leis an Líonra Nua **bealach 24 uair** ag dul trasna na cathrach. Cuirfidh Bealach 9 seirbhís thar oíche ar fáil, uair in aghaidh na huaire, ó Chnoc na Cathrach san iarthar go Dabhach Uisce agus An Pháirc Mhór san oirthear. Cabhraíonn seirbhís 24 uair le daoine atá ag obair nó ag bualadh lena cheile san oíche a bhealach abhaile a dhéanamh go sábháilte, agus freastalaíonn sé ar thimaistir daoine a thosaíonn ag obair go luath ar maidin.

Úsáideann an ghrafaic thíos dath chun cur síos a dhéanamh ar mhinicíocht gach bealaigh in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae. Cuirtear táblaí leis an eolas céanna ar fáil i Appendix A.

**Minicíochtaí Bealaí Bus Líonra Deiridh na Gaillimhe**




**Nótaí** ^4 Is seirbhís bhuaicuaireanta amháin í An Caisleán Nua Uachtarach a shíneann ó champas OÉ Gaillimh go dtí Lár Chathair na Gaillimhe.
*Ní léirítear ar an gCairt seo ach minicíocht Bhealach 424 idir Stáisiún an Cheanntaigh agus Bearna. Rachaidh go leor busanna 424 ar aghaidh go dtí an Cheathrú Rua, Leitir Mealláin, Carna, etc.

# Níos Mó Rochtana ar Dheiseanna

Ní féidir a thuar cá mhéad duine go díreach a úsáidfidh líonra bus feabhsaithe. Ní féidir an todhchaí a thuar, mar a chonaiceamar leis an bpaindéim Covid-19. Is féidir múnlaí réamh-mheastacha a úsáid chun tuartha maidir le pátrúnacht ar iompar poiblí a chruthú. Ach, chun aon tuar casta a dhéanamh, ní mór dúinn iliomad barúlacha a dhéanamh faoin todhchaí, agus beidh, ar a laghad, roinnt acu mícheart ar deireadh thiar thall.

Ar leibhéal aonair, tá sé deacair pátrúnacht iompair phoiblí a thuar. Tá sé deacair a bheith ar an eolas cén chaoi a ndéanfaidh duine a gcinntí taistil amach anseo má thagann athruithe ar an áit a bhfuil cónaí orthu, an áit a bhfuil siad ag obair, costais breosla, brú tráchta, caighdeán na seirbhíse iompair phoiblí, feabhsuithe ar áiseanna rothaíochta agus siúil, a gcumas féin a bheith ag tiomáint gluaisteáin, srl.


In ainneoin an méid sin neamhchinnteachta, is féidir linn brath ar bhearta níos simplí a dhíríonn ar iarmhairtí gearrthéarmacha an athraithe, agus a bhfuil níos lú barúlacha faoin todhchaí ag teastáil uathu. Beart amháin a bhí i gceist ná “rochtain”, a thugtar “inrochtaineacht” air.

Déanann **rochtain** tomhas ar úsáid líonra iompair phoiblí d’aon duine a bhfuil teorann ama acu a bheith ag taisteal.

Tá an t-iompar poiblí úsáideach a mhéid a chuireann sé ar chumas daoine dul chuig na háiteanna a dteastaíonn uathu dul chucu, agus déanamh amhlaidh laistigh de thréimhse réasúnach ama. **Dá mhéad ceann scríbe is féidir a shroicheadh i dtréimhse ama réasúnta, is ea is mó an rochtain atá agat ar dheiseanna,** mar a léirítear ag na grafaicí ar an taobh dheas.


Nuair a dhéanaimid rochtain a thomhas, bainimid úsáid as sonraí an Daonáirimh a léiríonn suíomhanna na gcónaitheoirí, post agus scoileanna. Úsáidim uimhríocht ansin chun amanna taistil a mheas idir gach cónaitheoir agus poist agus scoileanna. Déantar cur síos ar an uimhríocht ar an gcéad leathanach eile.


Bealach iontaofa chun pátrúnacht a mhéadú is ea cathracha agus a líonraí iompair phoiblí a dhearadh ionas go mbeidh rochtain níos fearr ag daoine ar thuilleadh deiseanna, laistigh d’aga turais réasúnta.









## Cé na tosca a dhéanann difear don rochtain ar dheiseanna?

Déanann na nithe seo a leanas difear don rochtain ar dheiseanna trí iompar poiblí:

- **Cá mhéad ceann scríbe atá gar don iompar poiblí**
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal de shiúl na gcos** chuig an tseirbhís agus ón tseirbhís.
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh** le haghaidh na seirbhíse
- **Cá fhad is gá do dhuine taisteal**ar iompar poiblí.
- **Luas** na seirbhíse
- **Cá fhad is gá do dhuine feitheamh chun cómhalartú** idir seirbhísí.

Tá smacht ag soláthraithe iompair phoiblí ar roinnt de na tosca sin: an t-aga feithimh, an cómhalartú, cé chomh díreach is atá an bealach, cén áit a soláthraítear seirbhís.

Tá níos lú smachta acu nó níl aon smacht acu ar thosca eile a imríonn tionchar ar rochtain: luas an iompair phoiblí, achair thaistil, nó cén áit a bhfuil poist agus tithe suite. De ghnáth, bíonn na tosca sin faoi smacht na n-údarás áitiúil toisc go mbainistíonn siad úsáid talún, forbairt agus bóithre.

### Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.

#### Siúl chuig an stad agus uaidh araon

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.

#### Feitheamh leis an gcéad bhus eile


Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit do cheann scríbe a shroicheadh go róluath ionas nach mbeidh tú mall.

Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

Tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist a chaitheamh ag feitheamh.

#### Ar bhord na feithicle

Déanann an fad agus an luas difear don am a chaitear ar bord. Agus agaí taistil ar an Dréacht-Ghréasán Nua á suimiú againn, d'úsáideamar toimhdí coimeádacha (malla) agus níor chuireamar na luasanna níos tapa san áireamh. Thiocfadh sé sin as Nasc Traschathrach. Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist.



# Rochtain Mhéadaithe ar Fud na Cathrach

Rinneadh anailísiú ar fheabhsuithe rochtana ón Líonra Nua le haghaidh an méid seo a leanas:

- Turais doras go doras 30 nóiméad nó níos lú, agus 45 nóiméad nó níos lú.
- Broidtráthanna agus Meán lae.
- Laethanta na seachtaine, Sathairn, Domhnaí.
- Cónaitheoirí ar fad agus poist ar fad.
- Cónaitheoirí gan carr; cónaitheoirí i gceantair a bhfuil díothacht shóisialta ann; agus cónaitheoirí óga, dífhostaithe agus sinsearacha.

## Laethanta le linn na seachtaine

Ar laethanta i rith na seachtaine, déanfaidh an Líonra Nua rochtain ar phoist a fheabhsú do chónaitheoirí sa limistéar staidéir:

- D'fhéadfadh an cónaitheoir meánach teacht a bheith acu ar 46% níos mó post laistigh de 30 nóiméad nó níos lú, agus 16% níos mó laistigh de 45 nóiméad.
- Beidh teacht ag 56% de chónaitheoirí ar níos mó post laistigh de 30 nóiméad nó níos lú, agus ní bheidh aon athrú ar an leath eile de na chónaitheoirí maidir le teacht ar phoist.
- Beidh teacht ag 87% de chónaitheoirí ar níos mó post laistigh de 45 nóiméad nó níos lú. Ní bheidh aon athrú do 12% de chónaitheoirí, agus ní chaillfidh ach 1% de chónaitheoirí teacht ar an méid céanna post laistigh de 45 nóiméad.

Taispeántar ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile an t-athrú ar rochtain ar phoist laistigh de 30 nóiméad taistil do gach cónaitheoir sa limistéar staidéir.

Beidh an Líonra Nua tairbheach go háirithe do **chónaitheoirí atá ina gcónaí in áiteanna a bhfuil díothacht shóisialta ann**:

- Beidh teacht ag cónaitheoirí in áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste do 59% níos mó post laistigh de 30 nóiméad ar laethanta na seachtaine, 72% ar an Satharn agus 46% ar an Domhnach.
- Tá líon na gcónaitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh rochtain a chailliúint ar phoist ró-bheag le méar a leagan ar.

## Deireadh Seachtainí

Feabhsófar rochtain ar **Shathairn agus Domhnaí** freisin:


- Beidh teacht ag an méanchónaitheoir ar 49% níos mó post laistigh de 30 nóim., agus 16% níos mó post laistigh de 45 nóim., ar an Satharn.
- Ar Dhomhnaí, d'fhéadfadh an cónaitheoir meánach teacht a bheith acu ar 54% níos mó post laistigh de 30 nóim., agus 30% níos mótaobh istigh de 45 nóiméad.

Tá na léarscáil ina léirítear na hathruithe ar rochtain ar an Satharn agus ar an Domhnach ar fáil sa chuid a thosaíonn ar page 79.

Is féidir léarscáileanna a dhéanamh freisin a léiríonn na hathruithe taobh istigh de 30 nó 45 nóiméad taistil, ó aon áit sa chathair ag baint úsáid as an léarscáil gréasáin nasctha ó www.busconnects.ie/galway.

***Is áiteanna oibre iad chomh maith go leor áiteanna a dtugann daoine cuairt orthu (ar nós ionaid siopadóireachta, scoileanna, bialanna, seirbhísí leighis), mar sin, téann rochtain níos mó ar phoist le rochtain ar chinn scríbe thábhachtacha.***

# Athrú ar Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist ar Laethanta le linn na Seachtaine




I rith an lae ar laethanta na seachtaine, **d'fhéadfadh an méanchónaitheoir teacht a bheith acu ar 46% níos mó post** taobh istigh de chómhalartú 30 nóiméad doras go doras.

Beidh teacht ag **56% de chónaitheoirí** ar **níos mó** post ná mar a bhíonn leis an seirbhís reatha (léirithe mar phoncanna glasa ar an léarscáil seo). Beidh teacht ag **44%** ar líon post **comhchosúil** (poncanna liatha) Beidh teacht ag **níos lú ná 1%** ar **níos lú** post (poncanna labhandara)

# Seirbhís Mhear Iontaofa le Nasc Traschathrach

Rinneadh an Líonra Nua a dhearadh chun leas a bhaint as an Nasc Traschathrach beartaithe.

Is gné lárnach é an scéim Nasc Traschathrach de chuid Busconnects na Gaillimhe agus Straitéis Iompair na Gaillimhe. Is í aidhm na scéime ná gníomhaíocht iompair inbhuanaithe atá éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite a chur ar fáil ar chonair thoir-thiar i gCathair na Gaillimhe. Déanfar é seo a bhaint amach le bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus, lena n-áirítear lánaí tosaíochta bus agus bearta eile a chuireann feabhas ar fheidhmiú bus.

Faoi láthair, is féidir le turais bus trasna Lár na Cathrach a bheith an-mhall, mar cuirtear moill ar bhusanna mar gheall ar bhrú tráchta ag acomhail. In anailís na scéime 2022, rinneadh é a mheas go sábhálfaidh an Nasc idir 7 agus 12 nóiméad ar an meán in aghaidh an treo ar bhusanna agus iad ag dul trasna Lár na Cathrach.


Faoi láthair, tá inathraitheacht bhearránach sna hagaí turais bus ar fud na cathrach. Déanfar an Nasc Traschathrach an inathraitheacht sin a laghdú, ionas go mbeidh an t-aga turais tapa go hiontaofa an lá ar fad.

Tá iarratas toilithe pleanála don scéim os comhair an Bhoird Phleanála faoi láthair, agus táthar ag súil le cinneadh sa bhliain 2024. A luaithe is a thugtar toiliú don scéim, is féidir tús a chur leis an tógáil láithreach agus é a chríochnú in 2025.

Taispeántar ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile an “Nasc Tosaíochta Bus” i ngorm, feadh Bhóthar na hOllscoile, Droichead na mBradán, Sráid Eglington, An Fhaiche Mhór, Sráid Forster agus Bóthar an Choláiste. Úsáidfidh beagnach gach bealach atá beartaithe sa Líonra Nua an Nasc Tosaíochta Bus idir Bóthar an Chaisleáin Nua san iarthar agus Bóthar Bhaile Átha Cliath san oirthear.

Úsáidfidh dhá bhealach beartaithe codanna amháin den Nasc Tosaíochta Bus i Lár na Cathrach. Freastalóidh an dá bhealach seo ar cheantair atá i bhfad ón Nasc Tosaíochta Bus, ag cinntiú go bhfuil gach ceantar dlúth i lár na cathrach laistigh d’achar siúil réasúnta ó iompar poiblí, agus go bhfuil turais iompair phoiblí díreach agus líneach. Déantar na bealaí seo a mhíniú go mionsonrach, ag tosú ar page 34.

# Léarscáil de Thosaíocht Bus an Naisc Traschathrach




**Déantar cur síos ar an léarscáil ar an Nasc Tosaíochta Bus, i ndath gorm, mar a beartaíodh i gcomhairliúchán poiblí Nasc Traschathrach 2021. Déanfar athbhreithniú ar ghnéithe eile den scéim a léirítear ar an léarscáil seo agus d'fhéadfadh go ndéanfaí iad a athrú mar chuid den nuashonrú ar Straitéis Limistéar Cathrach na Gaillimhe, atá ar siúl faoi láthair.**

# Athruithe ar Fhreagra ar Aiseolas

Déantar achoimre i gCaibidil 4 den tuarascáil seo ar aiseolas poiblí a fuarthas trí chainéil iomadúla san Earrach 2023.

Rinneadh athruithe ar an Líonra Na mar fhreagra ar aiseolas agus déantar cur síos orthu i gCaibidil 4. Déantar achoimre anseo ar na hathruithe is mó a rinneadh idir an Dréacht agus an Líonra Nua Deiridh.

Cuirfear **Bealach 3** ar mhalairt slí chun freastal ar an stad bus reatha atá os comhair **Ionad Siopadóireachta Mervue** i ngach treo.

Cuirtear **minicíocht bhreise** le **Bealach 4** le linn buaic-amanna ar laethanta i rith na seachtaine**. Sínfidh Bealach 4** níos faide soir go dtí **Ospidéal Pháirc Mhuirlinne**.

Déantar athbhreithniú ar **Bhealach 7** chun go **bhfreastalóidh sé ar Bhóthar na Trá Uachtarach**, idir Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Chnoc na Cathrach.

Déanfaidh **Bealach 9A** lúb aontreo sa **Pháirc Mhór**, agus stáisiún ceann aistir ann leathbhealach tríd an lúb.

Déantar athbhreithniú ar **Bhealach 10A** chun go bhfreastalóidh sé ar **Bhóthar Chnoc na Cathrach agus Bóthar Bhaile an Rí**, idir Bóthar an Bhóthair Aird agus Bóthar na Trá.

Sínfidh **Bealach 10 in Órán Mór** amach go dtí an Lidl ar an bPríomhshráid**.**

**Stopfaidh Bealach 10B** in aice leis an mbealach isteach theas de chuid **Páirc Gnó Órán Mór.**

**Stopfaidh Bealach 424** ar a laghad uair amháin ar **Bhóthar Bhearna** chun aistriú le Bealach 7 a chumasú.

# Conas Foghlaim faoin Líonra Nua

## Sa Tuarascáil seo

Tá an Tuarascáil seo ina foinse amháin faisnéise faoin Líonra Nua. Sa tuarascáil seo, gheobhaidh tú:

- Na prionsabail a úsáidtear i ndearadh líonra bus, ag tosú ar page 24.
- Forléargas ar phróiseas comhairliúcháin an Dréacht-Líonra Nua agus an t-aiseolas a fuarthas, ag tosú ar page 39.
- Cur síos ar an Líonra Nua Deiridh, ag tosú ar page 31.
- Anailís ar an dóigh a n-athróidh rochtain cónaitheoirí ar phoist agus ar mhinicíochtaí éagsúla na seirbhíse leis an Líonra Nua, ag tosú ar page 72.

## Léarscáil Ar Líne

Chun iniúchadh a dhéanamh ar cad é a bheadh i gceist leis an Líonra Nua do do thurais féin, is féidir leat féachaint ar léarscáil gréasáin ar líne atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BusConnects.

Leis an léarscáil ar líne is féidir leat:

- Sciurd isteach agus féach ar an mbealach mionsonraithe.
- Amharc ar limistéir atá deacair a thaispeáint ar na leathanaigh bheaga seo.
- Féach conas a athróidh meán-rochtain ar phoist nó chónaitheoirí ó do cheantar.
- Cruthaigh do léarscáil rochtana féin, agus cuir i gcomparáid cé chomh fada is a bheidh tú in ann taisteal le húsáid a bhaint as an líonra reatha nó an Líonra Nua.

***Tá uimhreacha nua ag gach bealach sa Líonra Nua!***

***Faigh tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin tionscadail ÚNI: www.busconnects.ie/galway***

# An Líonra Nua a Chur i bhFeidhm

Tá sé beartaithe ag an ÚNI tús a chur leis an Líonra Nua a chur i bhfeidhm idir 2025 agus 2026.

De réir mar a chuirfear an líonra chun feidhme agus go gcuirfear na bealaí nua i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí mionathruithe chun soláthar éifeachtach seirbhíse a chinntiú.

Déanfaidh ÚNI agus Bus Éireann monatóireacht ar fheidhmíocht an Líonra Nua agus déanfaidh siad coigeartuithe de réir mar is gá.

Amach anseo, ag brath ar éileamh agus ar mhaoiniú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí feabhas ar roinnt seirbhísí le minicíochtaí agus sealanna níos mó ná mar a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

## Tuarascáil ar Shaincheisteanna Coimhdeacha

Tháinig go leor saincheisteanna a bhain le dearadh an Líonra Nua ach a bhí coimhdeach maidir le dearadh an Líonra Nua chun cinn.

Bhain na saincheisteanna sin le háiseanna stadanna bus, lonnú stadanna bus, trasrianta sráide, comharthaí a theastaíonn ag acomhail, spás a theastaíonn le haghaidh idirstad busanna ag críochfoirt bealaigh, áiseanna sosa do thiománaithe bus agus tháinig go leor eile chun cinn le linn an phróisis pleanála seo.

Ba dhaoine a thug aiseolas ar an Dréacht-Líonra Nua a d'ardaigh cuid de na saincheisteanna sin, agus ba iad baill den fhoireann phleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe, Bus Éireann nó City Direct a tharraingt aird ar chuid eile díobh.

Eiseofar Tuarascáil ar Shaincheisteanna Coimdeacha ar leith ina sonrófar na saincheisteanna sin agus ina ndéanfar cur síos ar an mbaint atá acu le cur chun feidhme an Líonra Nua. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna coimhdeacha sin beidh comhoibriú i gceist idir ÚNI, na Comhairlí áitiúla, Bus Éireann, ollscoileanna agus fostóirí móra.

# 2 Prionsabail Deartha Bealaí agus Gréasáin...

# Cad is Cúis le Gréasán Úsáideach?

**Is í rochtain ar dheiseanna, mar atá tuairiscithe ar na leathanaigh roimhe, an dóigh ar féidir le dearadh an líonra iompair phoiblí difear a dhéanamh do phátrúnacht.**

**Tá go leor tosca ann a bhaineann le pátrúnacht nach bhfuil baint ar bith acu le rochtain nó dearadh líonra bus, ar nós:**

- Éileamh foriomlán ar thaisteal
- Táillí iompair phoiblí
- Dolaí bóithre
- Praghsanna breosla
- Rátaí úinéireachta gluaisteáin
- Infhaighteacht carrchlóis

Sa tuarascáil seo, dírímid ar na tosca **ar féidir** le ÚNI agus a chomhpháirtithe i nGaillimh difear a dhéanamh dóibh. Mar shampla:

- **Áiteanna** a théann bealaí
- A **minicíocht** agus **uaireanta seirbhíse**
- Na **naisc** i measc seirbhísí iompair phoiblí, agus éascaíocht an aistrithe
- **Úsáid talún** agus **patrúin forbartha**
- **Déimeagrafaic**, agus cén áit a bhfuil daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu suite.
- **Dearadh sráide** agus **insiúltacht**

Baineann na céad trí thoisc ar an liosta le dearadh na mbealaí bus agus leis an líonra iompair phoiblí comhtháite. Is iad sin na tosca atá beartaithe chun an Líonra Nua a athrú ar bhealaí a dhéanfaidh an líonra níos úsáidí le haghaidh níos mó daoine.

Tá tionchar mór ag na trí thoisc deiridh ar an liosta seo - úsáid talún, déimeagrafaic agus dearadh sráide - ar chostas agus úsáideacht an iompair phoiblí. Déantar iad a rialú go príomha ag Comhairlí Cathrach agus Contae. Ní féidir iad a athrú láithreach trí BusConnects, ach is féidir iad a ghlacadh san fhadtéarmach chun iompar poiblí a dhéanamh níos úsáidí agus níos éifeachtaí i nGaillimh. Cuid lárnach a bheidh san oiriúnú sin maidir le leasanna BusConnects a uasmhéadú.

## Aistriú Saor in Aisce

Chun tacaíocht a thabhairt do BusConnects agus an t-athdhearadh líonra seo, tabharfar isteach struchtúr táille nua go luath i nGaillimh a laghdaíonn bacainní agus pionóis don aistriú.

**Beidh aistriú idir bealaí bus uirbeacha saor in aisce.** Ní ghearrfar táille sa bhreis ar aistriú idir iarnród agus bus, mar beidh na táillí bunaithe ar an achar a taistealaíodh seachas an méid feithiclí nó modhanna iompair phoiblí a úsáideadh.

Ligeann aistriú saor in aisce dúinn líonra a dhearadh a uasmhéadaíonn rochtain daoine ar dheiseanna agus a íoslaghdaíonn agaí taistil, gan an imní aistrithe a sheachaint. I gcásanna áirithe, i nGaillimh, is féidir an turas is tapa idir dhá phointe a chur ar fáil le dhá bhealach bus rialta agus díreach.

***Tá líonra dea-nasctha ríthábhachtach maidir le hardphátrúnacht. Ní mór do bhealaí nascadh lena chéile ionas gur féidir le daoine go leor áiteanna éagsúla ar fud na cathrach a shroicheadh.***

# Minicíocht

Ceann de na bealaí is fearr ar féidir rochtain a mhéadú ar fud líonra, is ea agaí feithimh a ghiorrú tríd an minicíocht a fheabhsú.

Mar thoradh ar sheirbhís níos minice:

- Laghdaíonn sé an t-aga feithimh (agus an t-aga taistil foriomlán dá bharr).
- Cumasaítear duit taisteal nuair is mian leat.
- Feabhsaítear an iontaofacht, toisc go mbeidh bus eile ag teacht roimh i bhfad má chailleann tú do bhus nó má bhriseann sé anuas.
- Bíonn an cómhalartú (idir dhá sheirbhís mhinice) gasta agus iontaofa.

I gcás go bhfeabhsófar an mhinicíocht in áiteanna a bhfuil líon ard cónaitheoirí, post agus deiseanna eile iontu, feabhsófar an rochtain do mhórán daoine.

Méadaíonn an mhinicíocht níos fearr an acmhainneacht ardphátrúnachta, ach ní leor í ina haonar chun ardphátrúnacht a chruthú.

***Tá líonra ardphátrúnachta níos úsáidí do níos mó daoine. Agus bíonn deifir ar fhormhór na ndaoine.***

## Cé chomh Minic is atá Minic go Leor?

I gcathracha níos lú, ar nós Gaillimh, is minic a bhíonn turais níos giorra ag daoine. Ní mór an t-iompar poiblí a bheith an-mhinic le haghaidh turais ghearra, ós rud é gur féidir leis an aga feithimh bheith níos giorra ná an t-aga turais ar an mbus.

Chun smaoineamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon mhinicíocht "minic go leor", smaoinigh ar a bheith ag feitheamh ar feadh leathchuid den mhinicíocht (ós rud é go ndéanfaidh tú amhlaidh, ar an meán) agus fiafraigh díot féin an bhféadfá cur suas le haga feithimh chomh fada sin mar chuid de ghnáth-thuras lae.

Is féidir a mheas nach mbaineann tábhacht le minicíocht ós rud é go bhfuil eolas fíor-ama ar fáil ar fhóin daoine. Mura dtagann bus ach uair amháin san uair, b'fhéidir go bhfuil sé sin ceart go leor, mar feicfidh tú ar d'fhón nuair nach bhfuil an bus ach cúpla nóiméad ón stad bus, agus is féidir leat siúl go dtí an stad bus ansin.

In ainneoin eolas fíor-ama, tá tábhacht ar leith ag baint le minicíocht fós. Is amhlaidh atá toisc:

- Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin – bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. B'fhéidir nach gcaitheann tú am ag fanacht ag an stad ach, mura dtagann do bhus go minic, is minic a bhíonn ort a roghnú cé acu ar chóir a bheith ann róluath nó rómhall.
    - o Mar shampla, más rud é go dtosaíonn tú an obair ag 8:00 am agus nach dtéann an bus thar d'ionad oibre ach amháin ag 7:10 am agus ag 8:10 am, is gá duit a roghnú cé acu a bheidh tú ar an obair 50 nóiméad roimh an am tosaithe nó 10 nóiméad ina dhiaidh.
- Ní féidir leat am tosaithe an turais fillte a phleanáil i gcónaí. B'fhéidir go mbeifeá in ann am a chur ar d'imeacht ón mbaile de réir amchlár an bhus, ach ní féidir leat a rialú i gcónaí an uair a chríochnaíonn tú do chuid oibre, an uair a fhágann tú seó, nó an uair a thagann deireadh le coinne dochtúra.

***Dá giorra a dturas, is ea is lú a bhíonn fonn ar dhaoine fanacht tamall fada.***

## Fad, Costas agus Minicíocht

Laistigh de bhuiséad teoranta iompair phoiblí, tá comhbhabhtáil ann idir bealaí níos faide agus minicíochtaí níos airde.

Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil líonra ardmhinicíochta comhdhéanta ina iomláine de bhealaí gearra. Ciallaíonn sé, áfach, de réir mar a leathnaíonn córas chun freastal ar limistéir nua, bheadh gá le hinfheistíocht a dhéanamh i níos mó feithiclí agus níos mó tiománaithe a íoc chun ardmhinicíocht a choinneáil.

De rogha air sin, is féidir bealaí a dhéanamh níos faide chun freastal ar limistéir nua a bhaint amach gan maoiniú nua, ach amháin trí mhinicíochtaí a ghearradh chun costas méadaithe an achair a chlúdach.

## Luas, Costas agus Minicíocht

Tá ag luasanna níos moille an éifeacht chéanna is atá ag achair níos faide. Má thógann sé a dhá oiread ama chun bealach a thiomáint ná mar a thóg sé deich mbliana ó shin, teastaíonn ón soláthraí iompair a dhá oiread busanna agus a dhá oiread tiománaithe chun an mhinicíocht chéanna a choinneáil.



Leis an mbus seo is féidir minicíocht 30 nóiméad a sholáthar thar an achar seo, trí dhul anonn agus anall dhá uair in aghaidh na huaire.



Ach i gcás níos mó ná dhá oiread an achair, ní féidir leis an mbus ach minicíocht 60 nóiméad a sholáthar, toisc nach féidir leis dul anonn agus anall ach uair amháin in aghaidh na huaire in ionad dhá uair in aghaidh na huaire.

Is léiriú simplithe é sin ar mhata mhinicíocht an bhealaigh: De réir mar a éiríonn na bealaí níos faide, ní mór d'údarás iompair phoiblí níos mó airgid a chaitheamh le busanna agus tiománaithe a chur leis an mbealach nó na minicíochtaí a laghdú.

De réir mar a mhoillíonn an t-iompar poiblí, méadaíonn an costas a bhaineann le hé a oibriú.  Is féidir le soláthraí iompair phoiblí minicíochtaí a laghdú nó cistiú breise a sholáthar, ar cistiú é a d'fhéadfaí a úsáid ar shlí eile chun an tseirbhís a *fheabhsú* in ionad seirbhís níos moille a oibriú ar chostas níos airde.

## Tosaíocht Bus

Tá an nasc idir luasanna agus costais oibriúcháin ar an gcúis a bhfuil **tosaíocht bus** chomh tábhachtach sin do rath an iompair phoiblí i gcathair atá ag fás, amhail Gaillimh.

Is é seo an bonn le haghaidh beart tosaíochta bus Nasc Traschathrach agus beart BusConnects eile, a chuirfidh ní hamháin luas ar thurais phaisinéirí ach a chinnteoidh freisin gur féidir le hiompar poiblí oibriú go héifeachtach agus go mbainfidh muintir na Gaillimhe an leas is mó as an infheistíocht náisiúnta i seirbhís bus na Gaillimhe.

***I gcás go moilleofar an t-iompar poiblí de bharr an phlódaithe, éiríonn sé níos costasaí é a oibriú. Ídíonn sé sin cistiú a d'fhéadfaí a chaitheamh ar shlí eile ar an tseirbhís a fheabhsú.***

# Seirbhísí Gathacha vs. Cuarsheirbhísí

Ba cheart líonra iompair phoiblí a bheith níos fearr ná a bhealaí aonair le chéile. Ní féidir le bealach amháin daoine a thógáil ach chuig líon áirithe áiteanna. Má bhíonn naisc ag an mbealach sin lena lán línte eile, áfach, beifear in ann i bhfad níos mó áiteanna a shroicheadh.

Is líonra **ríghathach** é líonra iompair phoiblí na Gaillimhe: nascann na línte uile lena chéile i lár na cathrach. Tagann sé sin le cruth na cathrach: téann na mórbhóithre dromchla uile go lár na cathrach, ina bhfuil formhór na gníomhaíochta, agus tá na bóithre gathacha seo an-ghnóthach freisin agus tá dlúth-thithíocht, siopaí agus oifigí ar an dá thaobh díobh.

I líonra atá gathach ar fad, is sa lár a nascann gach bealach le gach bealach eile; ní theastaíonn ach cómhalartú amháin chun gach pointe sa chóras a shroicheadh.


Ós rud é go bhfuil fás tagtha ar mhéid na Gaillimhe, áfach, bítear ag tógáil níos mó turas idir láithreacha forimeallacha, agus is mór an dua in amanna é taisteal tríd an lár.

**D'fhéadfaí an fhadhb sin a réiteach trí chuarbhealaí** a sholáthar, toisc go gcumasaíonn siad taisteal traschathrach gan dul tríd an lár.

Mar sin féin, mar gheall ar mhéid measartha beag na Gaillimhe agus ar chomhchruinniú an éilimh feadh bóithre gathacha agus i lár na cathrach araon, cuirtear dlús le líon níos mó turas trí infheistíocht a dhíriú ar bhealaí gathacha ardmhinicíochta. Laistigh den mhaoiniú atá ar fáil, dá gcuirfí níos mó cuarbhealaí leis, bheadh seirbhís níos lú minicíochta ann ar an iomlán, rud a chuirfeadh fad leis na turais a dhéanann líon mór daoine.

Ceadóidh bearta tosaíochta Nasc Traschathrach agus bearta BusConnects eile turais níos tapúla trí lár na cathrach. Beidh sé seo luachmhar go háirithe do dhaoine a bhíonn ag trasnú na cathrach, seachas dóibh siúd a bhíonn ag tosú nó ag críochnú a dturais sa lár.

Sa todhchaí nuair a bheidh Gaillimh ina cathair i bhfad níos mó, nuair a dhéanfar forbairt bhreise ar cheantair fhorimeallacha níos faide ó lár, b'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar cuarbhealach a chur leis. Ach ag an méid atá tuartha do na deich mbliana atá amach romhainn, is féidir tionchar níos mó a dhéanamh ar amanna turais agus ar úsáideacht iomlán an iompair phoiblí má dhírítear ar mhinicíochtaí níos airde, ar naisc níos fearr idir bealaí, agus ar bhearta tosaíochta bus trí lár na cathrach.




**Téann bealaí gathacha bus idir Lár na Cathrach agus na bruachbhailte.** **Tá gach bealach bus reatha i nGaillimh gathach, agus iad ag leanúint na bpríomhbhóithre isteach agus amach as lár na cathrach den chuid is mó, ach le roinnt gluaiseachtaí cuaracha ar bhealaí chun freastal ar bhóithre ingearacha mar Bhóithre na Mine, Dhabhach Uisce nó an Bhaile Bháin.**

Taistealaíonn **cuarbhealaí bus idir bruachbhailte.** Is féidir leis seo a bheith cabhrach cinn scríbe bhruachbhailteacha a nascadh le chéile. Mar sin féin, tá comhbhabhtáil idir seirbhís fithiseach a chur leis, agus bealaí gathacha a dhéanamh níos rialta.

# Naisc nó Castacht?


Tá comhbhabhtáil ann idir cómhalartú agus castacht, a thagann as matamaitic agus geoiméadracht an iompair.
Dá mhéad atá líonra iompair phoiblí deartha chun cómhalartú a sheachaint, is ea is casta a bheidh sé agus is ea is measa a bheidh minicíocht a lán bealaí.

B'fhearr linn go léir turas aon suíocháin chuig ár gceannscríbe, seachas an dara fanacht don dara bus. Chuirfeadh sé sin brú ollmhór ar an tseirbhís, áfach, agus ní bheadh an tseirbhís chomh húsáideach céanna dá bharr sin.

Léirítear sna léaráidí ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile cén fáth a gceadaíonn dearadh líonra do roinnt cómhalartaithe minicíochtaí níos airde, iontaofacht níos fearr agus amanna turais níos giorra ar an iomlán.

Tá an líonra ar dheis comhdhéanta de bhealaí díreacha, ceann amháin ó gach ceann de thrí chomharsanacht chuig gach ceann de na trí mhórcheann scríbe.

Tá naoi mbealach ar an iomlán ann, ach ní reáchtáiltear ach dhá bhus ar gach ceann acu, mar sin níl an mhinicíocht rómhaith. Tá turas díreach ar fáil i gcónaí, ach ní féidir leat imeacht nuair is mian leat; caithfidh tú




am a chur ar d'imeacht de réir sceideal na mbusanna. Má chailleann tú an bus, beidh orthu fanacht tamall fada don chéad bhus eile.

Baineann an anailís a léirítear ar an gcéad leathanach eile le tráchtairí don suirbhé a scríobh na freagróirí. Níor roghnaigh gach rannpháirtí tráchtairí scríofa a dhéanamh. Ba mhó seans a bhí daoine a bhí míshásta leis an moladh tráchtaire scríofa a chur isteach ná iad siúd a bhí sásta.

Tá aiseolas maidir le bealaí áirithe nó ceantair áirithe eagraithe ar na leathanaigh seo a leanas bunaithe ar an mbealach is cóngaraí sa Dréachtlíonra Nua.



## Bealach 1


Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí meascán tuairimí a bhain le Bealach 1, agus uimhreacha comhchosúla freagróirí ar mhaith agus nár mhaith leo an bealach.

Luaigh freagróirí ar mhaith leo an bealach, i measc rudaí eile, ardú minicíochta na seirbhísí idir Bóthar na Trá, Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh agus an Páirc Mhór, agus soláthar nasc díreach idir Bóthar na Trá agus Páirc Mhiondíola Gateway.

Baineann an t-aiseolas comhairliúcháin do Bhealach 1 go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:

- Cailliúint seirbhíse ag Bóthar an Dúin, nach bhfuil ach seirbhís aon-bhealach aige faoi láthair ó Bhealach 401.
- Cailliúint seirbhíse ag ionad siopadóireachta an Bhaile Bháin, áit a bhfuiltear ag freastal ar stadanna bus ar Ascaill Parnell agus Ascaill Uí Chléirigh trí chor bealaigh de Bhealach 401.

Cuirtear tráchtairí a fuarthas maidir le hathruithe don bhealach sa Pháirc Mhór i láthair sa chuid maidir le Bealach 9.




Maidir leis an aiseolas, rinneadh athbhreithniú na moltaí agus saincheisteanna ar fad, rinneadh leasuithe féideartha a fhorbairt, agus rinneadh athbhreithniú ar na leasuithe i gcomparáid leis an gcostas, oibríochtaí iontaofa, líon na n-ábhar tairbhithe agus riachtanais na n-ábhar tairbhithe.

Léiríonn na pointí seo a leanas freagraí fhoireann pleanála an ÚNI don aiseolas maidir le Bealach 1 agus na ceantair mhórthimpeall.

### Bóthar an Dúin

Dhiúltaigh go leor aighneachtaí do baint seirbhís bus ar Bhóthar an Dúin, agus tagairt á dhéanamh do thionchar diúltach a bheith ar sheandaoine agus daoine a bhfuil míchumas orthu go háirithe. Chuir roinnt aighneachtaí fáilte roimh bhaint an "scrogall tráchta" ar Bhóthar an Dúin, áfach.

Faoi láthair freastalaíonn an bus 401 ar Bhóthar an Dúin in aon treo amháin, mar sin téann paisinéirí ar bord go luath agus fanann siad ar bord de réir mar a chríochnaíonn an bus an lúb, nó siúlann siad go Bóthar na Trá uachtarach chun dul ar bord bus atá ag dul i dtreo lár na cathrach. Ina theannta sin, ar laethanta cluiche ag Páirc an Phiarsaigh dúnann na Gardaí Bóthar an Dúin de bhar brú ar pháirceáil sa cheantar rud a chiallaíonn nach féidir le busanna agus feithiclí eile dul tríd.

Ionas gur féidir an líonra a fheidhmiú go hiontaofa, bheadh ar rochtain bus go Bóthar an Dúin a bheith gan bhac ar feadh an lae gach lá. De bharr páirceáil ar an sráid a thugann srian do leithead an bhóthair ní féidir seirbhís

***"Beidh cailliúint stad Bhóthar an Dúin ina chailliúint mhór don ghlúin níos sine."***

***"Tá faoiseamh orm a fheiceáil gur baineadh scrogall tráchta dúshlánach Bhóthar an Dúin."***

dhá threo a oibriú ar Bhóthar an Dúin. Cé go mbeidh siúlóid níos faide ag roinnt cónaitheoirí (agus in aghaidh an chnoic) ná mar a bhí roimhe, tá go leor seirbhísí bus sa cheantar. Ar Bhóthar na Trá Uachtarach, soláthraíonn Bealach 1 minicíocht 15 nóiméad, soláthraíonn Bealach 7 minicíocht 20 nóiméad, agus soláthraíonn Bealach 10A leasaithe minicíocht 30 nóiméad. Ar Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín, soláthraíonn Bealach 10B minicíocht 30 nóiméad. Tá na siúlóidí seo comhchosúil i bhfad leis na faid a táthar ag súil go siúlfaidh daoine go seirbhísí in áiteanna eile sa chathair.

Ar an iomlán, déanfaidh baint na seirbhíse aon treo a chuirtear ar fáil ar Bhóthar an Dúin Bealach 1 iomlán níos iontaofa, feabhsóidh sé cáilíocht na seirbhíse trí Bhóthar na Trá go Gateway, agus tá tionchar acu ar chónaitheoirí in aice láimhe atá cothrom i gcomparáid leis na tionchair ar chónaitheoirí eile sa chathair.

***"Tá sibh ag dícheangail iad siúd a bhfuil sé de dhíth orthu an méid is mó."***

***"Tá stad Bhóthar Mhuine Mheá ró-fhada le siúl go háirithe do sheandaoine."***

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Ionad Siopadóireachta an Bhaile Bháin

Fuarthas go leor aighneachtaí, lena n-áirítear 109 aighneacht aonair mar gheall ar baint na seirbhíse bus ar Ascaill Parnell agus Ascaill Uí Chléirigh go hIonad Siopadóireachta an Bhaile Bháin. Ba é an príomhbhuairt ná go mbeadh tionchar ag baint seirbhíse ar sheanchónaitheoirí an cheantair.

Faoi láthair, tá seirbhís d'Ionad Siopadóireachta an Bhaile Bháin á baint amach trí cor bhealaigh ar Bhealach 401, a chuireann am le turais thréphaisinéirí ar Bhealach 401.

Chuir líon i bhfad níos lú aighneachtaí fáilte roimh feabhsú líneacht agus luas Bhealach 1, agus paisinéirí á nascadh go dtí an Pháirc Mhór agus níos dírí gan cor bhealaigh isteach go dtí an Baile Bán.

Rinne an fhoireann pleanála athbhreithniú ar an líonra i bhfianaise na dtráchtairí a rinneadh sna haighneachtaí. Tá easpa ann maidir le naisc sráide isteach go agus tríd an Baile Bán, rud a dhéanann freastail dúshlánach gan bealaí bus a dhéanamh timpeallach agus mall. D'fhreastalófaí ar an gceantar trí trébhealach seachas an atreorú atá ann cheana ón bpríomhbhealach, go hidéalach. Cuirtear moill mar thoradh ar sheoladh timpeallach do phaisinéirí atá ag dul tríd an gceantar.

Agus an t-aiseolas á aithint, is féidir freastail ar an ionad siopadóireachta ag an stad bus céanna mar a bhíonn sa líonra atá ann cheana, ach ag bealach éagsúil: Tá Bealach 3 athbhreithnithe chun seirbhís bus a sholáthar ar Ascaill Parnell agus Ascaill Uí Chléirigh sa Bhaile Bán.

É sin ráite, coinníoll a bhaineann leis an seirbhís seo ná ndéanann an Comhairle Cathrach atheagrú ar pháirceáil carr ar shráideanna áirithe (ionas go ndéantar na cairr a pháirceáil ar an taobh céanna den bhóthar, seachas leath ar an dá thaobh) chun lig do shlí iontaofa an bhus. Ina theannta sin, d'fhéadfadh riachtanas a bheith ann líon beag spásanna gar do chúinní géara a chosaint ó pháirceáil carr. Leis na hathruithe seo agus cur i bhfeidhm na rialacha nua, is féidir bealach go agus tríd an gceantar a dhéanamh go hiontaofa oibrithe ag bus.

Ar an mbealach nua seo, ó Bhóthar Thuama, bheadh Bealach 3 ag freastal ar Bhóthar Mhuine Mheá, ansin Ascaill


Mhic Dhonncha, Ascaill Parnell agus Ascaill Mhic Dhiarmada, roimh leanúint ar an mbunslí ar Bhóthar Mhichil Uí Choileáin.

Ar thurais i dtreo lár na cathrach, ó Bhóthar Mhichil Uí Choileáin agus bheadh bus Bealach 3 á seoladh trí Ascaill an Bharraigh, Ascaill Tone, Ascaill Parnell, Ascaill Uí Chléirigh agus ar aghaidh go Bóthar Mhuine Mheá. Ligeann an t-atreorú seo ar Bhealach 3 freastal a dhéanamh ar an mBaile Bán trí seirbhís bus ar mhinicíocht oiriúnach.

*Gníomh Tá sé beartaithe go ndéanfaidh Bealach 3 freastal ar stad an bhus atá ag Ionad Siopadóireachta an Bhaile Bháin cheana, más féidir le rialachán páirceála agus forfheidhmiú na sráideanna riachtanacha in aice láimhe a dhéanamh intrasnaithe don bhus.*

## Bealach 3

Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí an freagra maidir le Bealach 3 diúltach go príomha, é ag déanamh Bealach 3 an bealach is lú taitnimh sa Dréachtlíonra Nua. Bhí go leor de na hagóidí de bharr na seirbhíse don eastáit tithíochta idir Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitreach, trí Bhun a' Chnoic agus Cnoc an Óir áit a bhfuil rochtain feithicle blocáilte ag




soithigh coincréiteacha. Bhí freagróirí airdeallach maidir le más rud é go n-oibreodh nasc bus amháin agus conas a dhéanfaí é agus más rud é go n-úsáidfeadh trácht carr príobháideach é mar aon leis an mbus.

Baineann an t-aiseolas comhairliúcháin do Bhealach 3 go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:

- Seoladh busanna trí Bhun a' Chnoic agus Cnoc an Óir
- Iarratas minicíocht a ardú ó gach 20 nóiméad go gach 15 nóiméad

Léiríonn na pointí seo a leanas freagraí fhoireann pleanála an ÚNI don aiseolas maidir le Bealach 3 agus na ceantair mhórthimpeall.

### Bun a' Chnoic agus Cnoc an Óir

Bhí líon beag aighneachtaí a chur fáilte roimh an mbealach molta trí Bhun a' Chnoic agus Cnoc an Óir, luaigh daoine go dtaitneodh sé go mór leo dá mbeadh bus a fhreastalódh ar an eastáit nó go mbeadh sé ag teastáil uatha.

Chuir go leor freagróirí i gcoinne an mholta, áfach. Rinne roinnt daoine tagairt do phleananna d'fhorbairt amach anseo don thuaidh agus mhol siad nasc bus tríd an gcuid sin den eastáit amach anseo in ionad a gcuid féin.

***"Cuirfidh sé rogha eile ar fáil dom chun dul go Bóthar Shéamais Uí Chuirc gan tiomáint"***

***"Spleáchas á laghdú ar chairr agus neamhspleáchas á ardú do dhaoine óga."***

***"Tá baol ann go ngortóidh na busanna leanaí nó daoine fásta. agus an féidearthacht dochair a dhéanamh do chairr."***

***"Tá an bóthar é féin cúng go leor freisin."***

Chuir go leor i gcoinne busanna a bheith ag oibriú taobh istigh den eastáit, agus d'ardaigh siad buarthaí maidir le leithead an bhóthair chun freastail ar bhusanna agus na drochthionchair a shíltear a bheadh ar shábháilteacht leanaí agus iad ag súgradh san eastáit.

Cheistigh roinnt daoine más rud é go mbeadh sráid feithicle athoscailte le haghaidh busanna amháin nó do gach feithicil , agus buarthaí acu maidir le trácht dá mba rud é go raibh an nasc le haghaidh gach feithicil. Bhí ceisteanna ann maidir le dá mba rud é go mbeadh deis ann chun tráchtairí a dhéanamh nó agóidí a ardú don athrú i mbainistíocht tráchta i mBun a' Chnoic nó Cnoc an Óir.

Tá an ceantar cónaithe seo idir Bhóthar Leitreach agus Bóthar an Rathúin. Mura mbeifí in ann bus a thiomáint ar shráid áitiúil idir an dá bhóthar seo, ansin ní bheadh aon seirbhís bus amach Bóthar Leitreach in aon chor, agus seans nach mbeadh seirbhís ar Bhóthar an Rathúin ach an oiread. Níl seirbhís bus ar fáil ach más rud é go ligeann do nascacht sráide dó seirbhís a dhéanamh ar go leor áiteanna agus go leor daoine éagsúla agus nuair a dhéantar amhlaidh. Ciallaíonn sé seo busanna ag dul tríd ceantair chónaithe.

***"Éilíonn sé minicíocht 15 nóiméad."***

***"Tá sé i gcónaí plódaithe, mothaím go mbeadh gach 15 nó fiú 10 nóiméad níos tairbhí."***

Oibreoidh an ÚNI i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun nasc sráide busanna amháin a dhéanamh i mBun an Chnoic, nó ar an taobh thuaidh de Bhun an Chnoic, chun seirbhís a chur ar fáil ar Bhóthar Leitreach agus Bóthar an Rathúin.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Minicíocht Níos Fearr

Bhí iarratais ann maidir le minicíocht Bealach 3 a ardú ó gach 20 nóiméad go gach 15 nóiméad.

Ar an taobh thoir de Ghaillimh, tá an Bealach 3 beartaithe comhchosúil le Bealach 405 atá ann cheana. Beidh minicíocht comhchosúil ag Bealach 3 mar a bhfuil ag Bealach 405 inniu le linn amanna laethúla i rith na seachtaine, ach minicíocht níos fearr le linn na tráthnónta agus ar an Domhnach.

D'fhéadfadh na feabhsuithe minicíochta do Bealach 1 agus 9 atá in aice láimhe brú a laghdú ar Bhealach 3, mar go mbeidh rogha ag roinnt daoine idir níos mó ná bealach in aice láimhe amháin agus roghnófar an ceann is luaithe atá ag teacht, agus is dóigh gurb é sin Bealach 1 nó 9.

Ar an taobh thiar den chathair, níl aon bhealach comhchosúil le Bealach 3 atá ann cheana agus mar sin ní treoir mhaith é plódú ar bhealaí an taobh thiar atá ann cheana ar phlódú féideartha ar an mbealach nua beartaithe seo.

Mar is amhlaidh do gach bealach, déanfar maoirseacht ar phátrúnacht agus plódú ar na bealaí seo sa todhchaí, agus déanfar ardú sa mhinicíocht a chur san áireamh más rud é go n-éiríonn siad plódaithe.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Bealach 4

Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí sé de nós ag freagra do Bhealach 4 a bheith níos dearfaí ná diúltach.

Baineann an t-aiseolas comhairliúcháin do Bhealach 4 go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:


- Iarratais do sheirbhís bus ar an gCuarbhóthar
- Iarratais do chlúdach níos mó ar an Daingean
- Easpa seirbhís bus i Muirbheach
- Minicíocht na seirbhíse, go háirithe i Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh

### An Cuarbhóthar

Bhí go leor iarratais do sheirbhís bus ar an gCuarbhóthar, agus fuarthas 70 aighneacht ó indibhidiúil. Thóg roinnt freagróirí faoi dheara go dtaistealaíonn roinnt busanna beaga ar an gCuarbhóthar freastalaíonn siad ar na scoileanna áitiúla.

Agus pleanáil á déanamh do mheánscoil nua ar an N59, díreach thoir ón acomhal leis an gCuarbhóthar, ardaíodh a thuilleadh spéise i bealach bus a bheith ann sa cheantar.

Rinne an fhoireann imscrúdú dlúth ar más rud é go bhféadfaí bealach




bus rialta a oibriú ar an gCuarbhóthar ag an am seo.  Cé go bhfuil samplaí d'fheithiclí ar thomhas comhchosúil ag taisteal timpeall an Cuarbhóthar ó am go ham, bheadh sé riachtanach go bhféadfadh bealach bus poiblí oibriú ar gach uair sa lá, sa dhá threo, agus busanna ag dul thar a chéile agus feithiclí eile móra go hiontaofa.

Faoi láthair, tá an Cuarbhóthar ró-chúng, rud a léiríonn go mbeadh baol ann go n-ardódh cur isteach ar sheirbhísí agus bheadh éifeacht aige seo ar phaisinéirí ar an gCuarbhóthar agus na codanna den bhealach roimhe agus ina dhiaidh. Ina theannta seo, bheadh staidéar ag teastáil ar na castaí a dhéanfadh na busanna ag dul ar an gCuarbhóthar ón N59 agus ag imeacht uaidh agus ní mór iad a dhéanamh sábháilte.

***"Ba chóir freastal ar an gCuarbhóthar iomlán, tá sé an-chontúirteach do dhaoine a bheith ag siúl."***

***"Tá ar a laghad 4 ionad a bhfuil cónaitheoirí ann atá ag dul in aois."***

Tá riachtanas ann do bhusanna breise ar Bhealach 4 ar Bhóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach, áfach, ag buaic-amanna, chun dul i ngleic le héilimh ó na mic léinn ollscoile. Ciallaíonn cur le minicíocht ar an gcuid Bóthar an Chaisleán Nua Uachtarach de Bhealach 4 go mbeidh ar bhusanna casadh timpeall le linn buaic-amanna, gar d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach agus Bóthar Thomáis Uí Eidhin.

Tá an mheánscoil nua beartaithe d'iarthar an acomhail sin. Más rud é gur féidir leis an scoil nua seal fuirigh a sholáthair, ansin d'fhéadfaí síneadh chomh fada leis sin a chur leis an seirbhís gach leath-uair buaic-amanna amháin. Agus trasbhealach á cur leis an scoil nua ar an gCuarbhóthar, d'fhéadfadh seo seirbhís gach leath-uair faoi fhad siúil den chríoch thuaidh den Chuarbhóthar.

*Gníomh*

- *Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*
- *Oibreoidh an ÚNI i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht stad bus agus seal fuirigh do Bhealach 4 buaic-amanna amháin ag an meánscoil nua díreach thiar ó Bhóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach/ Bóthar Thomáis Uí Eidhin.*

## An Daingean

D'iarr roinnt daoine go ndéanfaí seirbhís a chur ar fail do níos mó de cheantar an Daingin.

Titeann forbairt uirbeach go tapa de réir mar a thaistealaíonn tú i bhfad ón gcathair isteach go dtí an Daingean feadh an N59. Faoi láthair, níl ach forbairt ísealdlúis, gan trasbhealaí coisithe compordacha den bhóthar (chun lig do dhaoine an bus a úsáid do thuras fillte) agus gan aon suíomh oiriúnach chun bus a chasadh timpeall níos faide ná an mheánscoil bheartaithe thuasluaite.

Is é Bealach réigiúnach 419 de chuid Bus Éireann a fhreastalaíonn ar an gceantar, oibríonn sé idir Gaillimh agus an tUachtar Ard / An Clochán. Tá feabhsuithe do sheirbhísí cosúil le Bealach 419 á gcur san áireamh trí Éire a Nascadh.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Muirbheach

Bhí iarratais ann maidir le bus a fhreastalódh tríd ceantar Mhuirbheach, ó dheas Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Tá an líonra sráide i Muirbheach an-dícheangailte, tá cul-de-sacs ann go príomha, mar sin ní féidir bus a rith tríd an gceantar gan cor bhealaigh ollmhór a bheith ann. Tá Bealach 4 cheana féin ag imeacht ó thaobh thoir na cathrach, dá gcuirfí cor bhealaigh breise isteach agus amach ó Mhuirbheach dhéanfaí lagmhisneach a chur ar thréphaisinéirí.

Agus feabhsuithe á ndéanamh do nascacht idir Muirbheach agus an Rinn Mhór, nó fiú lá éigin idir Muirbheach agus Ros Cam, d'fhéadfaí bealach breise a shamhlú a dhéanann nasc idir ceantair ar thaobh thoir na cathrach a rachadh tríd Muirbheach.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Minicíocht agus Páirc Mhuirlinne

Bhí iarratais ann maidir le hardú minicíochta Bhealach 4, go háirithe chun freastal ar an gCaisleán Nua agus an Daingean, mar aon leis an Rinn Mhór agus Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Páirc Mhuirlinne.

***"Tá daonra mór sa Chaisleán Nua ... Tá aithne agam ar go leor daoine a thógfadh an 404 dá mbeadh sé ní ba mhinice."***

***"An bhfuil rogha ann minicíocht a ardú ag buaic-amanna?"***

Maidir leis an gCaisleán Nua agus an Daingean, rinne go leor tráchtairí maidir leis an minicíocht tagairt don daonra mór sa Chaisleán Nua agus an riachtanas do mhic léinn agus an fhoireann rochtain a bheith acu ar champas thuaidh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Bhain tráchtairí maidir le hOspidéal Choláiste na hOllscoile, Páirc Mhuirlinne le Bealach 4 a bheith an t-aon bhus a fhreastalaíonn ar an suíomh go díreach, agus Bealach 9 agus 10 ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath siúlóid fhada ón áit. Rinneadh moltaí maidir le cor bhealaigh a dhéanamh ar bhealach bus eile, amhail an 10B, chun freastal ar an ospidéal chun a seirbhís bhreise a sholáthair.

Maidir leis an chuid eile den chathair, agus i gcomparáid leis na ceantair a bhfuil éilimh agus riachtanas iompair poiblí inchomparáide acu, tá minicíocht 30 nóiméad in oiriúint don Rinn Mhór

***"Cé go dtéann bealaí beartaithe 10A agus 10B trí bhealach isteach tosaigh Páirc Mhuirlinne, tá an fad ón mbealach isteach tosaigh go dtí an stad bus atá ann cheana ar an gcampas 750m."***

***"Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Páirc Mhuirlinne.. a bhfuil .. foirgnimh ann le faid fhada eatarthu."***

agus Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Páirc Mhuirlinne ag an am seo. Agus Bealaí 9 agus 10 á bhfeidhmiú in aice láimhe, tá go leo busanna in aghaidh na huaire beartaithe cheana féin le bheith ag feidhmiú sa chuid seo den chathair, faoi fhad siúil de go leor tithe agus ceann scríbe.

Má ardaíonn forbairt amach anseo dlús na dtithe, na n-oibrithe nó na gcuairteoirí i gceachtar de na háiteanna, nó más fadhb é an plódú ar Bhealach 4 trí cheachtar de na háiteanna, cuirfidh an ÚNI maoiniú minicíocht níos airde san áireamh.

Toisc nach bhfuil ach bealach isteach agus bealach amach amháin ag Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, ní mór dó an leibhéal seirbhíse ar fad a fhreastalaíonn air a chosaint. (Bheadh sé rómhór mar dhiall chun cur le bealach isteach, mar go ndéanfadh sé turais na bpaisinéirí go léir i bhfad níos faide agus níos timpeallaí.)

Tá Páirc Mhuirlinne scaipthe thar limistéar mór, le go leor páirceáil charranna d'oibrithe agus do chuairteoirí, agus mar sin ní thugann sé údar leis an leibhéal céanna seirbhíse a chuirtear ar fáil i gceantair níos dlúithe den chathair áit a bhfuil go leor oibrithe agus cinn scríbe laistigh d'achar siúlóide gairid de gach stad bus.

Más féidir seirbhís bus a chur ar fáil d'Ospidéal Pháirc Mhuirlinne amach anseo ar an mbealach go háiteanna eile (ar nós Dabhach Uisce) beidh sé níos fusa údar a thabhairt do leibhéal níos airde seirbhíse mar go mbainfidh líon níos mó daoine úsáid as an tseirbhís.

Mar mhalairt air sin, más féidir cosáin coisithe chuig stadanna bus díreach ó dheas den ospidéal, ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, a chur leis, beidh seirbhís an-ardmhinicíochta ag go leor daoine chuig an ospidéal. 200-400m a bheadh i gceist leis an tsiúlóid seo seachas na siúlóidí 600-1000m a bheadh riachtanach chun Bóthar Bhaile Átha Cliath a bhaint amach tríd an bpríomhchabhsa inniu.

Agus iad ag scrúdú Bealach 4 ar an taobh eile den chathair, rinne an fhoireann athbhreithniú ar leibhéal na seirbhíse bus sa Chaisleán Nua i bhfianaise tuairimí faoin bplódú ar an tseirbhís reatha. I bhfianaise an éilimh ard agus mhéadaithe ó thithíocht do mhic léinn, tá an líonra athbhreithnithe chun busanna breise a chur leis le linn buaicphointí i rith na seachtaine, i dtéarmaí scoile agus ollscoile. Beidh na busanna breise seo, a mhéadóidh an soláthar ó dhá cheann go ceithre bhus in aghaidh na huaire, ar an mbealach idir an Fhaiche Mhór agus acomhal Bhóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach/Bóthar Thomas Hynes.

*Gníomhartha:*

- *Sa Chaisleán Nua, cuirfear busanna breise i mbun seirbhíse le linn na mbuaicthréimhsí is gnóthaí i gcaitheamh na seachtaine.*
- *Rachaidh Bealach 4 níos faide soir chomh fada le suíomh Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, ag freastal ar stad amháin eile ar nó gar do Lána Pháirc Mhuirlinne, ag feitheamh ar fhormheas.*
- *Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun naisc choisithe idir Páirc Mhuirlinne agus bealaí rialta ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú ag an gcéim forfheidhmithe.*

## Bealach 7


Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí sé de nós ag freagra do Bhealach 7 a bheith níos dearfaí ná diúltach.

Baineann an t-aiseolas comhairliúcháin ar Bhealach 7 go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:

- Níl busanna ag freastal ar Bhóthar na Trá Uachtarach idir Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Chnoc na Cathrach a thuilleadh
- Ní fhreastalófar ar stad bus ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach a thuilleadh.
- Níl an tseirbhís 402 reatha á macasamhlú
- Bealach 7 ag imeacht ó Bhóthar Áth Cinn chun freastal ar Bhóthar Chúil Each agus Barr na Coille
- Easpa seirbhís bus ar Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr
- Iarrataí ar sheirbhís le minicíocht níos airde

### Bóthar na Trá Uachtarach

Bhí míshásamh leis an tseirbhís bus a bhaint ar stráice de Bhóthar na Trá Uachtarach thart ar 540m ar fad, idir Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Chnoc na Cathrach, a bhfuil Bealaí 402 agus 424 ag freastal air faoi




láthair. Luaigh freagróirí daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar chomh maith le cuairteoirí a thaistealaíonn chuig agus ó na páirceanna carbhán. I gcás na bpáirceanna carbháin, ní athródh an t-achar siúil chuig stadanna ach beagán. I gcás cónaitheoirí lastuaidh de Bhóthar na Trá Uachtarach, áfach, mar gheall ar easpa mór naisc sráide sa cheantar, bheadh siúlóid i bhfad níos faide ag cónaitheoirí áirithe atá ag siúl go dtí stad bus inniu chuig stad ar Bhóthair Bhaile an Rí nó Bóthar Chnoc na Cathrach in aice láimhe.

Rinne an fhoireann athbhreithniú ar an aiseolas seo, rinne siad é a mheá i gcomhréir leis an tionchar ar dhaoine eile ar fud na cathrach, agus rinne siad athbhreithniú ar na bealaí sa cheantar chun dul i ngleic le hábhair imní iolracha. Go sonrach do Bhóthar na Trá Uachtarach, dhéanfadh Bealach 7 freastal ar Bhóthar na Trá Uachtarach an bealach ar fad ó Bhóthar na Trá go Bóthar Bhearna agus ansin Bóthar na Ceapaí, lena n-áirítear an mhír shonrach seo.

> ***"Freastalaíonn sé ar na dosaenacha teach agus páirc charbhán."***

> ***"Tá sé ríthábhachtach do mo ghnólacht siúlóirí ag teacht go dtí an campa agus do thurasóirí ag dul go dtí an chathair."***

In athrú atá gaolmhar go dlúth leis, dhéanfaí freastal ar Bhóthar Chnoc na Cathrach (ar a bhfreastalaíonn Bealaí 402 agus 410 inniu) ní trí Bhealach 7, mar atá molta sa Dréacht-Líonra Nua, ach trí Bhealach 10A (tar éis cosán timpeallach idir an Bóthar Ard agus Bóthar na Trá) . Tá dlúthbhaint ag na hathruithe ar an dá bhealach seo, rud a chiallaíonn nach réitíonn siad ach i dteannta a chéile na mór-imní sa réimse agus iad fós ag tairiscint seirbhísí atá úsáideach do líon mór daoine agus a fheidhmíonn go héifeachtach.

*Gníomhartha:*

- *Déantar athbhreithniú ar Bhealach 7 chun go bhfreastalóidh sé ar Bhóthar na Trá Uachtarach idir*

*Bóthar Bhaile an Rí agus Sean-Bhóthar Chnoc na Cathrach.*

- *Tá Bealach 10A athraithe (idir an chathair agus Bóthar na Trá) in ionad Bhealach 7 ag freastal ar Bhóthar Chnoc na Cathrach.*

### Bóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach

Bhí imní ar an gclúdach a cailleadh ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach, le stad bus nach mbeidh freastal air a thuilleadh.

Baineann sé sin le stad bus amháin ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach, atá suite idir Bóthar Sheanghoirt agus Bóthar Bhearna, atá inniu ar Bhealach 402 ach nach mbeidh freastal air a thuilleadh. Beidh Bealaí 7, 9B agus 424 díreach lastuaidh nó ó dheas den stad seo agus soláthróidh siad seirbhís feabhsaithe ó thaobh minicíochta agus cinn scríbe de (a shroicheann Gateway agus Bóthar na Trá chomh maith le lár na cathrach) Cumhdach leordhóthanach sa líonra.

Níl an stad bus atá i gceist ach 50m lastuaidh de Bhóthar Bhearna, agus mar sin is dócha gur siúlóid ~100m a bheadh ann ó na stadanna a chuirfear ar Bhealach 9B agus Bealach 424, ag brath ar shuíomh beacht na stadanna sin.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

### Bealach 402 atá ann faoi láthair agus Scoileanna ar an mBóthar Ard.

Bhí roinnt freagróirí míshásta nach bhfuil an patrún Bealach 402 atá ann faoi láthair, a cheanglaíonn Bóthar Chnoc na Cathrach agus Bóthar Sheanghoirt leis an mBóthar Ard, a mhacasamhlú sa Líonra Nua. Rinneadh tagairt do ghasúir ag cur fúthu i gCnoc na Cathrach agus a bhíonn ag taisteal chuig scoileanna Naomh Éanna, Salerno agus an Bhóthair Aird.

Bhí an ceantar cónaithe i gceist clúdaithe go maith ag seirbhís sa Dréacht-Ghréasán Nua, i go leor áiteanna le minicíocht níos fearr ná mar a thairgeann na bealaí reatha. Bheadh an t-aistear sonrach seo chuig na scoileanna níos deacra, áfach, toisc nach bhféadfaí taisteal díreach soir ar Bhóthar Bhaile an Rí a thuilleadh, agus ina ionad sin bheadh ar dhaltaí taisteal ó thuaidh agus idirmhalartú ag Gateway, nó taisteal i dtreo Bhóthar na Trá agus idirmhalartú ann. Ní i gcónaí a dhéanfaí na hidirmhalartaithe seo ar bhealach minic ar a bhfuil bus ag teacht go luath.

Chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad

> ***"Beidh míbhuntáiste ag úsáideoirí na seirbhíse 402 reatha in iarthar na cathrach."***

> ***"Ní hamháin go bhfuil bus (402) á chailliúint againn ach tá na hathsholáthair is cóngaraí.... ag eatraimh 20 nóiméad."***

turas scoile suaite seo, chomh maith le hábhair imní eile faoi struchtúr an ghréasáin ar thaobh thiar na cathrach, rinneadh sraith athruithe idirghaolmhara.

An rud is ábhartha maidir leis na hábhair imní áirithe seo, leanfadh Bealach 10A cosán timpeallach idir lár na cathrach agus Bóthar na Trá, ag dul tríd an mBóthar Ard, Bóthar Bhaile an Rí, an bealach ar fad go Bóthar Chnoc na Cora, ansin Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach chun críochnú i mBóthar na Trá. Cuirfidh sé seo go leor (ach ní ar chor ar bith) de na teaghlaigh in aice le Bóthar Chnoc na Cathrach, Bóthar Bhearna agus Bóthar Sheanghoirt laistigh d'achar siúlóide ó stadanna bus le seirbhís díreach chuig scoileanna an Bhóthair Aird

Tá dlúthbhaint ag an athrú ar Bhealach 7, a bhfuil cur síos air sa chuid roimhe seo, leis an athrú seo ar Bhealach 10A.

*Gníomh Bealach 10A a athrú chun Bóthar Chnoc na Cathrach agus Bóthar Bhaile an Rí a nascadh leis an mBóthar Ard agus le Bóthar na Trá.*

### Bóthar Chúil Each agus Barr na Coille

Lastuaidh de lár na cathrach ar Bhóthar Áth Cinn, leanann Bealach 7 cosán Bhealach 407 atá ann cheana féin, ag imeacht ó Bhóthar Áth Cinn chun freastal ar Bhóthar Chúil Each, Barr na Coille agus Arda Thír Oileáin, sula n-athcheangail sé Bóthar Áth Cinn. Bhí roinnt freagróirí sásta go leanfaí ar aghaidh ag freastal ar na bóithre níos lú seo, cé go raibh roinnt freagróirí míshásta go gcoinneofaí timpeallachas an bhealaigh.

Tá an ceantar sin forbartha le go leor tithe, ach ag dlúis ísle rud a fhágann go mbíonn líon níos lú paisinéirí ionchasacha bus in aice le gach stad bus. Mar gheall ar easpa naisc sráide, agus na patrúin bóithre nathair, is féidir leis na hachair siúil go Bóthar Áth Cinn a bheith i bhfad níos faide ná fad na préacháin. Tá líon bordála ar na bóithre beaga measartha ach ard go leor chun seirbhís éigin a choinneáil ann, agus níl rogha níos fearr ann faoi láthair ná seirbhís a bhaint den phríomhbhóthar.

Amach anseo, má tá feithiclí breise agus limistéar seirbhíse ar fáil le cur le Bealach 7, d'fhéadfaí Bealach 7 a roinnt ina dhá bhrainse, brainse amháin gach 30 nóiméad ag dul timpeall ar na bóithre níos lú in Arda Thír Oileáin agus craobh eile gach 30 nóiméad ag dul díreach amach as Bóthar Áth Cinn chomh fada leis an gCaisleán Gearr.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

### Bóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr

Fuarthas iarratais ar bhus chun freastal ar Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr. Is forbairt tuaithe í ar Bhóthar na Scoile, le líon an-íseal cónaitheoirí in aghaidh an chiliméadair agus mar sin ró-íseal éilimh chun seirbhís rialta bus a chosaint. Níl an bóthar féin in ann seirbhís rialta bus dhá threo a láimhseáil.

Má cheanglaítear Bóthar Thuama leis an gCaisleán Gearr le bóthar a tógadh de réir caighdeáin uirbeacha amach anseo, nó Baile an Bhriotaigh leis an gCaisleán Gearr, bheadh sé sin ina bhealach geallta do sheirbhís bus. Ní fios cé acu an Bóthar Scoile atá ann faoi láthair nó bóthar éigin eile idir an dá cheantar a bheadh mar bhóthar ceangail sa chás sin amach anseo.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

***Cén fáth nach bhfuil... Bóthar na Scoile beartaithe mar bhealach nasctha?" "Is é an bóthar ceangail idir Bóthar Thuama agus Bóthar Áth Cinn."***

### Minicíocht

Bunaithe ar na fadhbanna iontaofachta atá ann faoi láthair ar Bhealach 407 ar Bhóthar Áth Cinn (nach mbaineann uathúil le Bealach 407) bhí iarratais ann chun an mhinicíocht tipiciúil a mhéadú thar na 20 nóiméad a thugtar sa Dréacht Líonra Nua. Bhí imní ar na cónaitheoirí go sáródh a n-uastréimhse feithimh 20 nóiméad mar gheall ar bhusanna a tháinig go déanach.

I láthair na huaire, ritheann an tseirbhís bus sceidealta ar Bhóthar Áth Cinn gach 30 nóiméad. Sa Dréacht Líonra Nua, rachaidh Bealach 7 gach 20 nóiméad. Táimid ag súil go dtiocfaidh feabhas ar iontaofacht busanna le cur chun feidhme Naisc Thraschathracha, Conairí Iompair Inbhuanaithe agus straitéisí eile BusConnects i nGaillimh. De thuras na huaire, is cuí an mhinicíocht a fheabhsú ó gach 30 go dtí gach 20 nóiméad i gcomparáid le leibhéil seirbhíse in áiteanna inchomparáide eile den chathair.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*


## Bealach 9, Bealach 9A agus Bealach 9B

Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí an freagra do Bhealach 9 (agus a chuid brainsí, 9A agus 9B) dearfach den chuid is mó.

Bhí daoine sásta le minicíocht ard, 10 nóiméad, i rith an lae de Bhealach 9, agus gur seirbhís 24 uair a bheidh ann. Chuir na daoine sin a oibríonn sealanna go luath ar maidin, go déanach sa tráthnóna agus sealanna deireadh seachtaine fáilte roimh seo ach go háirithe.

Baineann an t-aiseolas don Bhealach 9 beartaithe go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:

- Ag seoladh an bhus trí Eastát Tionscail na Páirce Móire, seachas é a stopadh gar don bhealach isteach.
- An 9B ag dul ar bhealach timpeallach trí Chnoc na Cathrach chun Bóthar Bhaile Uí Mhóinín Uachtarach a bhaint amach.
- Níos mó seirbhíse a leathnú ó Pháirc Miondíolaíochta Gateway i dtreo Bhóthar na Ceapaí chun minicíocht níos mó a sholáthar ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.




### Ciorclaíocht na Páirce Móire

Sa Pháirc Mhór, maidir le Bealaí 1 agus 9 atá beartaithe, dúirt roinnt daoine go mbeadh sé úsáideach go mbeadh na busanna ag freastal ar na bóithre laistigh den eastát tionsclaíochta, seachas díreach ar an mbealach isteach.

Níl an gréasán bóithre sa Pháirc Mhór oiriúnach go maith do ghluaiseachtaí busanna faoi láthair, toisc gur cul de sac formhór na mbóithre. É sin ráite, tá an Chomhairle Cathrach le naisc nua bóithre a chur i bhfeidhm go luath a ligfidh do bhusanna tiomáint i lúb aontreo sa Pháirc Mhór. Leis sin, tabharfar stadanna bus beagán níos gaire d'fhostóirí áirithe, cé go méadóidh sé freisin am ar an mbus do phaisinéirí, agus d'fhéadfadh go mbeadh ar phaisinéirí siúl níos faide (go dtí an taobh eile den lúb) chun an bus is luaithe a fhágann a ghabháil.

Chun an timbhealach aontreo pleanáilte seo a ionchorprú, athraíodh Bealaí 1 agus 9 sa Líonra Nua Deiridh.

Mar rabhadh don phobal maidir leis an lúb aontreo seo a chur ag foircinn Bhealaí 1 agus 9, ní féidir an lúb a shíneadh ná a fhadú go mór chun forbairt sa cheantar amach anseo a chlúdach. Má fhásann an Pháirc Mhór ó thuaidh nó amach, dá ndéanfaí an lúb aontreo níos mó agus níos ciorclaí chuirfeadh sé níos mó ama ar an mbus, ag taisteal i gciorcal, do gach duine a bheadh ag comaitéireacht chuig agus ón bPáirc Mhór. Shínfeadh sé freisin achair siúlóide go dtí an bus is luaithe a d'imigh, trí éileamh a dhéanamh ar phaisinéirí siúl go dtí taobh eile den lúb (nó, dá rachadh siad ar bord an bhus san áit ar thuirling siad, suí ar an mbus le linn sos an tiománaí ag an bhfoirceann). Mar sin san fhadtéarma beidh ar na bealaí filleadh ar sheirbhís líneach, dhá threo chun iad a shíneadh le forbairt nua a bhaint amach agus seirbhís mhaith a thairiscint d'oibrithe sna codanna níos sine den Pháirc Mhór fós.

*Gníomhartha:*

- *Don ghearrthéarma, déantar athbhreithniú ar Bhealaí 1 agus 9 chun lúba aontreo a dhéanamh sa*

*Pháirc Mhór sa bhonneagar atá beartaithe faoi láthair.*

- *San fhadtéarma, d'fhéadfadh go n-éileodh tuilleadh fáis ar imill na Páirce Móire le Bealach 1 nó 9 filleadh ar sheirbhís líneach dhá threo, ionas gur féidir bealach amháin nó an dá bhealach a fhadú chun an fhorbairt bhreise a bhaint amach.*

## Bealach go Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach

I measc na bhfreagraí, bhí go leor aiseolais dearfach maidir le seirbhís bus a sholáthar ar Bhóthar Bhaile Uí Mhóinín Uachtarach agus iarratais go gcuirfí i bhfeidhm é chomh luath agus is féidir. Bhí imní ann freisin go bhféadfadh sé nach mbeadh an tseirbhís thar a bheith tarraingteach má dhéantar an bus trí Chnoc na Cora, tríd an gClaí Bán Íochtarach agus Bóthar Sheanghoirt, chun Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach a bhaint amach.

***"Cé go bhfuil minicíocht & rochtain do bhusanna ríthábhachtach, tá fad turais freisin."***

***"Tá am daoine luachmhar dóibh, tá an bealach seo ró-fhada."***

(Ba cheart dúinn a thabhairt faoi deara go mbeidh gá le háis slánúcháin agus scíthe beag tiománaithe a sholáthar chun freastal ar Bhóthar Bhaile Uí Mhóinín Uachtarach. Tá soláthar na seirbhíse ag brath mar sin ar an áis slánúcháin agus scíthe.)

I gCnoc na Cathrach go ginearálta, tá an oiread sin forbartha ar bhóithre thuaidh-theas, i gcomparáid leis na bóithre soir-siar a théann isteach sa chathair, go bhfágann sé rogha i ndearadh an ghréasáin:

- Is féidir le ceachtar de na bealaí a roinnt ina go leor brainsí chun dul síos na bóithre thuaidh-theas, ach ag minicíochtaí lag;
- Nó is féidir seirbhís a chomhchruinniú i níos lú bealaí chun minicíochtaí réasúnta a thairiscint, ach ansin caithfidh roinnt bealaí patrún timpeallach a leanúint chun na bóithre thuaidh-theas a chlúdach.

Maidir leis an Líonra Nua, roghnaigh an fhoireann deartha minicíochtaí maithe a thairiscint, agus dá bharr sin tá Bealach 9B (agus Bealach 3) beagán timpeallach i gCnoc na Cathrach. Is é an toradh a bheidh air seo ná amanna turais níos tapúla ar an iomlán, toisc go gcuireann an timpeallachas, cé go bhfuil sé corraitheach, níos lú nóiméad d'am turais ná mar a chuirfí leis trí fheithimh níos faide ar bhealaí bus nach bhfuil chomh minic sin.

Ina theannta sin, tá go leor daoine ar na bóithre thuaidh-theas ag iarraidh a bheith nasctha le ceantair siopadóireachta áitiúla (mar shampla ar Bhóthar Sheanghoirt agus ag Gateway). Chun é seo a bhaint amach teastaíonn roinnt timpeallachas laistigh den cheantar.

Ar na cúiseanna sin, déanfar Bealach 9B (agus Bealach 3) a chothabháil lena minicíochtaí 20 nóiméad agus a mbealaí timpeallacha, sa Líonra Nua Deiridh.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra*.

## Bóthar Dáileacháin an Iarthair

Bhí iarratais ar mhéadú ar mhinicíochtaí bus feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, ón acomhal le Bóthar an Chlaí Bháin i dtreo Bhóthar na Ceapaí.

Rinne an fhoireann athbhreithniú ar an ngréasán sa limistéar seo agus meastar gur leor an minicíocht molta mar gheall ar dhlús íseal na forbartha, na droch-naisc sráide, agus an easpa úsáidí meastcha talún feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair. Tá leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil ag teacht leis an méid a chuirtear ar fáil i gceantair inchomparáide eile sa chathair.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

## Bealach 10, Bealach 10A agus Bealach 10B.


Mar a léirítear sa chairt ar dheis, bhí an freagra do Bhealach 10 (agus a chuid brainsí, 10A agus 10B) dearfach den chuid is mó.

Baineann an t-aiseolas do Bhealach 10 go príomha leis na saincheisteanna agus moltaí seo a leanas:

- Minicíocht níos airde seirbhíse chuig Clinic na Gaillimhe
- Nasc á choinneáil ó Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín go Bóthar na Trá.
- Deireadh a chur leis an tseirbhís bus ar Bhóthar Bhaile an Rí, siar ó Bhóthar na Mine
- Seirbhís go Cnoc Odhráin agus ollmhargadh Lidl
- Seirbhís go Stáisiúin Traenach Óráin Mhóir
- Seirbhís go Páirc Gnó Órán Mór agus Eastáit Tionsclaíochta Pháirc na bhFianna
- Iarratas ar bhealaí idir Órán Mór agus eastáit tionsclaíochta na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh.

### Clinic na Gaillimhe

Fuarthas aiseolas dearfach ar Bhealach 10B, a fhreastalaíonn ar Ros Cam




agus ar Bhóthar an Chósta. Cé gur tugadh faoi deara go bhféadfadh moill a bheith ar sheirbhísí mar gheall ar thrasnú comhréidh an iarnróid, cuireadh fáilte mhór roimh sheirbhís bus ar Bhóthar an Chósta.

D'fháiltigh freagróirí freisin roimh fheabhsuithe seirbhíse ar Órán Mór, go háirithe minicíocht níos airde agus clúdach leathnaithe an Dréacht-Líonra Nua. Bhí roinnt imní ann go gcuirfeadh an trácht ar Bhóthar an Chósta moill ar bhusanna Bhealach 10B.

Tá Bealach 10A le freastal ar Chlinic na Gaillimhe ar a bhealach go hÓrán Mór. Cheistigh roinnt freagróirí arbh 'fhiú' é Bealach 10A a atreorú chun freastal ar an gclinic. Stopfaidh Bealach 9 agus Bealach 10B ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, in aice le Bóthar Dhabhach Uisce, óna bhféadfadh paisinéirí siúl go Clinic na Gaillimhe, cé gur siúlóid fhada 800m é. D'iarr roinnt freagróirí eile go n-imreofaí níos mó busanna chun dul suas agus ar ais ar thiomáint Chlinic na Gaillimhe.

Is trua go bhfuil an t-atreorú chuig Clinic na Gaillimhe ag teastáil ar chor ar bith, mar go n-ídíonn sé am do phaisinéirí a théann tríd agus costas ar an oibreoir. É sin ráite, is ceann scríbe tábhachtach é Clinic na Gaillimhe ar chúiseanna sóisialta. Ós rud é go bhfuil sé ag deireadh cul de sac is é an réiteach is fearr ná bealach a

***"... An bhféadfadh paisinéirí ó... Ros Cam ... do laethanta cluiche agus fóillíocht i mBóthar na Trá."***

***"Is maith liom an nascacht seo don Coast Road"***

***"Tá an Galway Clinic ag brath ar taisteal trí charr príobháideach ... nach bhfuil ach bealach bus amháin (Uimh. 404) ag freastal go díreach ar an suíomh."***

***"Is annamh a fheicim aon duine ag dul ar an mbus nó ag teacht de agus cuireann sé moill mhór leis an mbealach"***

chlaonadh chun é a bhaint amach. Is é an Bealach 10A is fearr a oireann chun an diall seo a dhéanamh.

*Gníomh Ní dhearnadh aon athruithe ar an líonra.*

### Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín

Inniu ar Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín, tairgtear an tseirbhís i lúb aontreo, gach 20 nóiméad, go Bóthar na Mine, ansin Bóthar na Trá, agus ansin ar aghaidh go lár na cathrach.

Sa Dréacht-Ghréasán Nua beartaíodh nach ndéanfaí an tseirbhís chomh minic – gach 30 nóiméad – ach go n-oibreodh sí sa dá threo. Rachadh sé go Gateway agus go Lár na Cathrach ach ní go Bóthar na Trá. (Bheadh seirbhís rialta ar Bhóthar na Mine, chomh fada le Bóthar na Trá.)

Léirigh freagróirí imní maidir le cuid mhó de na hathruithe seo, go háirithe an laghdú ar mhinicíocht agus cailleadh na seirbhíse chuig agus trí Bhóthar na Trá.

***"Tá sé seo tábhachtach do na seandaoine agus iad siúd a bhfuil fadhbanna an lúith acu a bhaineann úsáid as an mbus."***

Is féidir le hathrú ar Bhealach 10A cabhrú le dul i ngleic le cuid de na hábhair imní seo. Athraíodh Bealach 10A ar an mBóthar Ard sa Líonra Nua Deiridh le críochnú i mBóthar na Trá (trí Bhóthar Bhaile an Rí). Mar sin, is féidir le roinnt cónaitheoirí lastuaidh de Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín teacht ar bhus a thabharfaidh go Bóthar na Trá (gan acomhal) iad ach siúl ó thuaidh in ionad ó dheas, chun an 10A a fháil ar an mBóthar Ard in ionad an 10B ar Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín. Is féidir le cónaitheoirí i dtreo thiar an cheantair seo siúl achar gairid siar go Bóthar na Mine chun teacht ar sheirbhís bus go minic go Bóthar na Trá (nó Gateway).

Is iad na cónaitheoirí a mbeadh an turas go Bóthar na Trá níos measa acu sa todhchaí ná iad siúd atá i gceantar beag timpeall ar acomhal Bhóthar an Dochtúra Uí Mhainchín gus Bóthar an Dúin, a mbeadh gá acu le siúlóid níos faide síos an cnoc nó acomhal chun Bóthar na Trá a bhaint amach. idir Bealaí 10B agus Bealach 1. Thástáil an fhoireann athruithe iomadúla ar an líonra chun iarracht a dhéanamh an turas seo a fheabhsú don ghrúpa seo daoine, ach chuirfeadh gach rogha eile a d'fhéadfadh a bheith ann níos measa ar thurais do ghrúpa i bhfad níos mó daoine. Fágadh Bealach 10B gan athrú mar is cosúil go dtugann sé na torthaí foriomlána is fearr don chuid is mó daoine.

*Gníomh Athraíodh Bealach 10A (ar an mBóthar Ard) le críochnú i mBóthar na Trá. Gan aon athrú ar Bhealach 10B.*

### Bóthar Bhaile an Rí

Fuarthas aiseolas diúltach maidir leis an tseirbhís bus a bhí beartaithe a bhaint ar Bhóthar Bhaile an Rí, idir Bóthar na Mine agus Bóthar Chnoc na Cathrach. Freastalaíonn Bealach 402 ar Bhóthar Bhaile an Rí faoi láthair.

Thóg Comhairle Cathrach na Gaillimhe naisc do choisithe le déanaí idir Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Dáileacháin an Iarthair, agus táimid ag súil go roghnóidh formhór na ndaoine siúl ó thuaidh seachas ó dheas chun an tseirbhís an-mhinic ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair a bhaint amach. Mar sin féin, b'fhéidir gurbh fhearr leis an líon beag daoine a chónaíonn níos gaire do Bhóthar Bhaile an Rí ná do Bhóthar Dáileacháin an Iarthair stad bus achar gairid uaidh, fiú má bhíonn sé níos measa fós.

***"Cuireann sé fad suntasach leis agus cruatan ina dhiaidh sin do shaoránaigh aosta."***

Agus na tuairimí seo á gcur san áireamh chomh maith le hábhair imní eile maidir le bealaí eile i gCnoc na Cathrach, rinne an fhoireann sraith athruithe idirghaolmhara chun aghaidh a thabhairt ar go leor de na hábhair imní. Mar chuid den phacáiste athruithe idirnasctha seo, is féidir bus Bealach 10A a sheirbheáil ar Bhóthar Bhaile an Rí gach 30 nóiméad, atá ar chonair thimpeallach idir an mBóthar Ard agus Bóthar na Trá. Cuireann sé seo costas bus agus oibriúcháin amháin leis ach, in éineacht leis na hathruithe ar Bhealach 7, coinnítear an tseirbhís gar do níos mó paisinéirí atá ann cheana ná mar a bhí molta roimhe seo.

Ní mór suíomh Bhóthar na Trá ar a bhfuil Bealach 10A áis slánúcháin agus áis sosanna tiománaithe a bhunú chun an t-athrú seo a chur i bhfeidhm.

*Gníomh Tá Bealach 10A coigeartaithe chun freastal ar Bhóthar Bhaile an Rí, á nascadh le Bóthar na Trá.*

***"Stad bus nua suiteáilte ar an bPríomhshráid ... ligfeadh sé d'úsáideoirí bus cuairt a thabhairt ar an ionad siopadóireachta níos éasca."***

## Cnoc Odhráin

Fuarthas iarratais chun Bealach 10 a shíneadh níos faide isteach in Órán Mór chun freastal ar fhorbairt nua cónaithe i gCnoc Odhráin chomh maith le ollmhargadh Lidl ar an bPríomhshráid.

Rinneadh athscrúdú ar bhealaí busanna in Órán Mór agus socraíodh athruithe chun é a leathnú go dtí an Lidl, ceann scríbe luachmhar le haghaidh taistil bus laistigh d'Órán Mór.

Cuireann an patrún athbhreithnithe seo agus an minicíocht níos airde i gCnoc Odhráin le costas amháin bus agus breise ar oibriú an bhealaigh. Tá sé ag brath ar dhá athrú ar shráideanna áitiúla:

- Críochnú an nasc sráide idir Céide Chnoc Odhráin agus Coill Clocha, agus
- Bunú spás aistrithe do bhusanna ó thuaidh in aice leis an Lidl, ar an bPríomhshráid, áit ar féidir leis an mbus dul as seirbhís agus inar féidir leis an tiománaí sos a ghlacadh.

*Gníomh: Cuireadh síneadh le Bealach 10 chomh fada leis an Lidl in Órán Mór.*

***"Ba mhaith liom stad a fheiceáil go stáisiún traenach Órán Mhór ionas nach mbeidh orm tiomáint ó Órán Mhór go dtí an stáisiúin traenach gach lá agus deacrachtaí páirceáil a aimsiú ag an stáisiúin."***

***"Cén fáth nach dtéann an bus isteach go stáisiúin traenach Órán Mhór?"***

## Stáisiúin Traenach Óráin Mhóir

Áiríodh leis an Dréacht-Líonra Nua Bealach 10B ar Bhóthar an Chósta, ag dul thar Stáisiún Traenach Órán Mór. D'iarr roinnt freagróirí go n-atreoróidh na busanna ó Bhóthar an Chósta chun stop a chur díreach taobh amuigh den stáisiún, seachas paisinéirí a bheith ag dul isteach/amach níos faide ar shiúl ar Bhóthar an Chósta.

